AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2022
COM(2022) 547 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Staid an Aontais Fuinnimh 2022

(de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide)

1. RÉAMHRÁ AGUS BUAICPHOINTÍ

Sa tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh déantar athbhreithniú ar na forbairtí beartais is déanaí agus tugtar tuairisc inti ar an dul chun cinn atá déanta ar leibhéal an Aontais maidir le cuspóirí an Aontais Fuinnimh a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna 2030 an Aontais um fhuinneamh agus aeráid. **Déantar breithniú in eagrán 2022 den tuarascáil ar fhreagairt bheartas fuinnimh an Aontais ar an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair** agus déantar mionléiriú ar a raon feidhme, na tionchair a bhfuiltear ag súil leo agus an chomhsheasmhacht. Tá tograí ag gabháil leis an tuarascáil seo ina dtugtar aghaidh ar phraghsanna fuinnimh agus ar chinnteacht an tsoláthair roimh an gheimhreadh seo.

Tá margaí fuinnimh curtha bunoscionn ag an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, rud a spreag luaineacht praghsanna agus éiginnteacht fuinnimh ar fud an domhain, agus a bhfuil tionchair agus iarmhairtí aige do chóras fuinnimh an Aontais. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag **athmhúnlú a straitéisí fuinnimh go dinimiciúil chun** teacht le réalachtaí geopholaitiúla nua agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le fuinneamh inacmhainne. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí níos déine chun soláthairtí gáis ó chomhpháirtithe iontaofa an Aontais a mhéadú. Tá **praghsanna níos airde ná riamh ar fhuinneamh** ón bhí an dara leath de 2021 ann mar gheall ar an gcoimhlint, le harmáil soláthairtí fuinnimh ag an Rúis agus d'imir na teochtaí i rith an tsamhraidh a bhí níos airde ná riamh tionchar mór orthu freisin. Tá sé ríthábhachtach **dlús a chur leis an aistriú go dtí fuinneamh glan agus deireadh a chur le spleáchas ar fhuinneamh na Rúise** chomh luath[1] agus is féidir agus i bhfad roimh dheireadh na deich mbliana seo[2].

Gné ríthábhachtach nua i bhfreagairt bheartas na hEorpa ar an staid gan fasach seo is ea an **Plean REPowerEU**[3], a chuir an Coimisiún i láthair i mí na Bealtaine 2022 agus a chuireann le cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Sa phlean, a glacadh le Teachtaireacht Chomhpháirteach nua faoi rannpháirtíocht fuinnimh sheachtraigh an Aontais[4], tá sraith gníomhaíochta comhtháite chun an fuinneamh a **shábháil**, **soláthairtí a éagsúlú agus a fháil, úsáid fuinnimh inathnuaite a threisiúagus infheistíochtaí agus athchóirithe a chomhcheangal go cliste**. Méadaíonn REPowerEU uaillmhian tograí reachtacha **Oiriúnach do 55** i dtaca leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus le foinsí inathnuaite fuinnimh, atá ag an gcéim dheireanach den chaibidlíocht reachtach faoi láthair.

Roimh Phlean REPowerEU, bhí togra le haghaidh **Rialachán maidir le Stóráil Gáis**[5]**,** ghlac na comhreachtóirí an 27 Meitheamh 2022,agus maidir le bunú **Ardán Fuinnimh an Aontais** i mí Aibreáin 2022. Go gairid ina dhiaidh sin bhí idirghabhálacha éigeandála ann, lena n-áirítear an Teachtaireacht maidir le **Gás Sábháilte le haghaidh Geimhreadh Sábháilte**[6], **ionstraim reachtach nua** agus **Plean Eorpach um Laghdú ar Éileamh ar Ghás** chun an t-éileamh gáis san Eoraip a laghdú 15 % faoin earrach seo chugainn, chomh maith le togra le haghaidh **Rialachán maidir le hIdirghabháil Éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar**

[1] Dearbhú Versailles ó Chinn Stáit agus Rialtais (10 agus 11 Márta 2022), leathanach 5, Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022, pointe 15.
[2] Teachtaireacht maidir le REPowerEU (COM(2022) 108 final – 8 Márta 2022), leathanach 2.
[3] COM(2022) 230 final
[4] JOIN(2022) 23 final
[5] COM(2022) 135 final
[6] COM(2022) 360 final

Phraghsanna Ardfhuinnimh[7] a comhaontaíodh go polaitiúil ag cruinniú urghnách na Comhairle Fuinnimh an 30 Meán Fómhair. Tugtar forléargas in Iarscríbhinn I ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i bhfianaise an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2021 ann.

Leagtar béim i dtuarascáil 2022 ar Staid an Aontais Fuinnimh go gcuideoidh an **tAontas Fuinnimh** le dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go gcothófar cinnteacht agus inacmhainneacht fuinnimh, go spreagfar glacadh le fuinneamh in-athnuaite agus go gcuirfear bearta chun cinn maidir le coigilteas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh. Déantar mionléiriú inti freisin ar thacaíocht an Aontais dá chomharsana agus do na comhpháirtíochtaí nua a bunaíodh chun dlús a chur leis an aistriú domhanda glas agus aistriú cóir fuinnimh.

In éineacht leis an tuarascáil sin, tá léargas fuinnimh á fhoilsiú ag an gCoimisiún do gach Ballstát a thugann forléargas cuimsitheach ar a staid fuinnimh. Foilseofar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh 2022 go luath:

- Tuarascáil 2022 ar fhóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach;
- Dul chun cinn an Aontais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2022;
- Tuarascáil 2022 ar bhaint amach na Spriocanna um Fhuinneamh In-athnuaite 2020;
- Tuarascáil 2022 ar bhaint amach na Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh 2020;
- Treoir maidir le comhroinnt chostais is tairbhe i dtionscadail um chomhar trasteorann fuinnimh in-athnuaite;
- Tuarascáil ar fheidhmíocht na tacaíochta do leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite arna deonú trí bhíthin nósanna imeachta tairisceana;
- Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hiomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain;
- Tuarascáil ar cháilíocht breosla;
- Tuarascáil ar fheidhmiú an mhargaidh carbóin (ETS).

Staid an Aontais Fuinnimh 2022 – na príomhthorthaí

- ***Tá tionchar ag praghsanna arda agus luaineacha reatha fuinnimh ar thomhaltóirí ar fud Bhallstáit uile AE, rud a*** *cuireann isteach ní hamháin ar theaghlaigh ar ioncam íseal, ach ar theaghlaigh ar mheánioncam, FBManna agus ar thionscail chomh maith. Idir 2019 agus 2022 ar an meán ar fud Bhallstáit an Aontais, tháinig méadú níos mó ná aon trian[8] ar an sciar den chaiteachas fuinnimh, agus tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar an sciar i roinnt tíortha[9]. De réir fhigiúirí Eurostat, ní raibh thart ar 35 milliún saoránach de chuid an Aontais (thart ar 8 % de dhaonra AE) in ann a dtithe a choinneáil te go leor in 2020. Is dóigh go ndeachaigh an borradh i bpraghsanna fuinnimh a thosaigh in 2021 agus a chuaigh in olcas le hionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, mar aon le tionchar ghéarchéime COVID-19, chun donais i gcás a bhí deacair cheana féin do go leor saoránach de chuid an Aontais.*

- ***Tá bearta curtha i bhfeidhm ag gach Ballstát chun dul i ngleic le praghsanna fuinnimh níos airde.*** *Baineann bearta náisiúnta le* ***bosca uirlisí an Choimisiúin 'Dul i***

[7] COM(2022) 473 final

[8] Ní áirítear leis sin costais iompair breosla.

[9] An Coimisiún Eorpach (ag teach amach anseo): Tuarascáil ar phraghsanna agus costais fuinnimh 2022.

ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: glacadh bosca uirlisí do ghníomhaíocht agus do thacaíocht' Deireadh Fómhair 2021[10] *chun an ghéarchéim a sheachaint. Mar shampla, socraíodh praghsanna rialaithe/taraifí sóisialta; tugadh isteach dearbháin fuinnimh agus fóirdheontais shealadacha do thomhaltóirí príobháideacha agus do thomhaltóirí gnó (lena n-áirítear FBManna agus tionscail). Is príomhbhearta breise iad an laghdú ar chánacha a bhaineann le fuinneamh agus ar tharaifí gréasáin arna nglacadh ag na Ballstáit chun an tionchar atá ag praghsanna fuinnimh níos airde ar an tomhaltóir deiridh a laghdú. I roinnt cásanna, is fóirdheontais breosla iontaise iad sin ar dócha go mbeidh tionchar acu ar spriocanna agus ar ghealltanais AE.*

- *Bhí* **líonadh stórála gáis *an Aontais* os cionn 91 % faoi lár mhí Dheireadh Fómhair**. *Bhí 14 Bhallstát tar éis 80 % a shárú faoin 5 Deireadh Fómhair 2022 agus tá siad i bhfad roimh an sprioc de 80 % faoin 1 Samhain 2022.*

- ***Tháinig laghdú ar an sciar de ghás píblíne na Rúise in allmhairí an Aontais ó 41 %** in 2021 **go 9 %** i mí Mheán Fómhair 2022. Tá Gás Nádúrtha Leachtaithe**(GNL)anois ar an bpríomhfhoinse** sholáthair arb ionann é agus **32 %d'allmhairí gáis ghlain an Aontais.***

- *In 2021, **léiríodh méadú beag maidir le fóirdheontais le haghaidh ola, guail agus gáis,** agus tháinig laghdú ar fhóirdheontais le haghaidh giniúint leictreachais iontaise, agus bhí fóirdheontais breosla iontaise sách cobhsaí an iomlán. Bhí méadú 7 % **ar fhóirdheontais le haghaidh fuinneamh in-athnuaite** in 2020 agus t**hit siad siar beagán in 2021**. Thit **fóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh in 2020 ach tháinig siad ar ais in 2021.***

- ***Sháraigh an tAontas Eorpach go mór sprioc 2020 maidir le hastaíochtaí a laghdú,** sprioc a leagadh síos faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus bhain sé amach laghdú 32 % san Aontas in 2020 ar ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (gan LULUCF*[11]*). Taispeánann meastacháin shealadacha go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh astaíochtaí ar ais in 2021, ach go bhfuil siad fós ag titim i gcomparáid leis na leibhéil réamh-phaindéime.*

- ***Níor baineadh amach spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite an Aontais do 2020**. Bhí an tÍdiú Fuinnimh Deiridh (FEC) agus an t-ídiú Fuinnimh Phríomhúil (PEC) 5.4 % agus 5.8 % níos ísle ná spriocanna 2020, faoi seach. Shroich an tAontas sciar 22.1 % d'fhuinneamh in-athnuaite in oll-ídiú fuinnimh deiridh, rud a sháraigh an sciar 20 % atá dírithe ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite 2009.*

- *In 2019 agus 2020, **tháinig méadú ar úsáid fuinnimh in-athnuaite de thart ar 155.6 Mtoe ola agus 164.6 meigeathonna ola breoslaí iontaise** faoi seach. Is coigealtas **EUR 43.5 billiún ó úsáid breosla iontaise a sheachaint** don Aontas in 2019, **agus EUR 34.6 billiún** in 2020.*

- ***Ghin an tAontas 12 %, an méid ab airde riamh, dá leictreachas ón ngrian ó** Bhealtaine go Lúnasa 2022; agus **13 % ón ngaoth**. Tugtar le fios le comharthaí luatha go mbeidh **2022 ina bhliain cheiliúrtha don mhargadh fótavoltais (PV) Eorpach** le fás bliantúil*

[10] COM(2021) 660 final.

[11] ÚSÁID TALÚN, ATHRÚ AR ÚSÁID TALÚN AGUS FORAOISEACHT.

sna margaí is mó san Aontas idir 17 % agus 26 %. Mar sin féin, ***tháinig laghdú ó 14 % go 11 %ar tháirgeadh hidrileictreachais i samhradh 2022*** *i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, mar gheall ar leibhéil ísle uisce a bhaineann le triomach in aibhneacha agus taiscumair.*

- ***Meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite sa mheascán leictreachais ó 37 % in 2021 go 69 % in 2030. Ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna deacra maidir le nósanna imeachta um cheadú, comhtháthú eangaí*** *agus deacrachtaí sna slabhraí soláthair mar thosaíocht chun dlús a chur leis an bpróiseas seo.*

- *Tá an tAontas Eorpach fós ar thús cadhnaíochta sa taighde ar fhuinneamh glan, agus infheistíochtaí poiblí in T&N á méadú de réir a chéile ag na Ballstáit, agus an tAontas Eorpach ag deimhniú a phríomhsheasaimh i dteicneolaíochtaí amhail an ghaoth amach ón gcósta. Mar sin féin,* ***tá gá le níos mó infheistíochtaí poiblí agus príobháideachain T&N****, chomh maith* ***le gníomhaíochtaí méadaithe agus úsáide chun*** *iomaíochas an Aontais a threisiú.*

- *Tá* ***méadú substaintiúil tagtha ar na roghanna maoinithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta don slabhra luacha hidrigine Eorpach****. Faoin sásra maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, faomhadh EUR 10.6 billiún d'infheistíochtaí poiblí sa slabhra luacha hidrigine mar spreagadh d'infheistiú príobháideach san earnáil hidrigine. Beidh thart ar EUR 10.6 billiún ar fáil faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le tionscadail hidrigine. Monaróirí leictrealóirí san Eoraip tiomanta do* ***chur lena gcumas leictrealóirí a mhonarú faoi dheich: go 17.5 GW faoi 2025.***


- ***Tá bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh a threisiú á gcurar fud na n-earnálacha go léir.*** *Sa tionscal, tá sé de dhualgas ar ghnólachtaí anois i gcásanna áirithe moltaí maidir le hiniúchadh fuinnimh a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn an tréimhse aisíocaíochta níos lú ná 5 bliana. Tá poitéinseal suntasach coigiltis ag baint le bearta chun úsáid a bhaint as dramhtheas. Tá bearta athchóirithe fuinnimh á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítear cláir atá tiomnaithe do thithíocht shóisialta agus chun dul i ngleic le tbochtaineacht fuinnimh, foirgnimh phoiblí a uasghrádú, go háirithe scoileanna, ollscoileanna agus bonneagar cúraim sláinte.*

2. FEABHAS A CHUR AR AN tSLÁNDÁIL FUINNIMH, ÉAGSÚLÚ AGUS DLÚS A CHUR LEIS AN gCOMHAONTÚ GLAS DON EORAIP

Bhí praghsanna gáis agus leictreachais ní b'airde ná riamh in 2022. Le bliain anuas, tá praghsanna leictreachais san Eoraip ag ardú go tapa go leibhéal i bhfad níos airde ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Baineann an dinimic sin go mór le praghas ard an ghái s, rud a mhéadaíonn praghas an leictreachais a tháirgtear ó ghléasraí cumhachta gásadhainte. **Thosaigh praghsanna ag ardú go tapa sa dara leath de 2021** nuair a tháinig méadú ar gheilleagar an domhain nuair a maolaíodh srianta COVID-19. Ina dhiaidh sin, mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin tá an staid sin éirithe níos measa.

Ag an am céanna, **tá giniúint leictreachais san Aontas faoi bhun na ngnáthleibhéal**. **Mar gheall ar theochtaí ní b'airde ná riamh an samhradh** seo spreagadh éileamh fuinnimh ar fhuarú agus cuireadh brú breise ar ghiniúint leictreachais de bharr triomaigh (rud a chuir dúshlán ar tháirgeadh cumhachta hidrileictrí) agus teochtaí arda uisce (rud a chuir dúshlán ar

tháirgeach núicléach). **Dá bhrí sin, leis an adhaimsire agus hiarmhairtí ar uisce cuireadh leis an nganntanas fuinnimh agus le praghsanna arda fuinnimh,** rud a chuir ualach ar thomhaltóirí, ar ghnólachtaí agus ar an tionscal agus a mhaolaíonn an téarnamh eacnamaíoch. Tá an brú breise maidir le soláthar ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí bia **ag cur leis na brúnna boilscitheacha domhanda, rud a laghdaíonn cumhacht ceannaigh na dteaghlach** agus an gheilleagair ina iomláine.



Fíor 1. Praghsanna mórdhíola agus miondíola gáis agus leictreachais agus praghsanna carbóin san Aontas. Foinsí: Platts, VaasaETT

Fuair an togra **ón gCoimisiún** an 14 Meán Fómhair maidir le **rialachán i ndáil le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh** comhaontú polaitiúil na Comhairle Fuinnimh ar an dá luas, an 30 Meán Fómhair. Leagtar amach ann **sprioc maidir le laghdú foriomlán ar éileamh leictreachais** ó gach tomhaltóir agus béim á leagan ar an éileamh a laghdú le linn na mbuaicuaireanta praghais, ar **uasteorainn ioncaim le haghaidh teicneolaíochtaí infrimeallacha** agus ar **ranníocaíocht dlúthpháirtíochta ar bhrabúis iomarcacha** a ghintear ó ghníomhaíochtaí in earnálacha na hola, an gháis, an ghuail agus na scaglainne. Is iad na Ballstáit **a bhaileodh na hioncaim agus dhéanfaí** iad **a atreorú chuigtomhaltóirí fuinnimh**, go háirithe **teaghlaigh leochaileacha**,**cuideachtaí a buaileadh go dona**, lena n-áirítear FBManna, agus**tionscail atá dian ar fhuinneamh**. Leathnaítear leis freisin an Bosca Uirlisí Praghsanna Fuinnimh atá ar fáil do Bhallstáit chun cabhrú le tomhaltóirí, rud a éascódh praghsanna leictreachais rialaithe faoi bhun costais agus a leathnódh praghsanna rialaithe chun fiontair bheaga agus mheánmhéide a chumhdach freisin.

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin chun praghsanna leictreachais a laghdú, mhol an Coimisiún sraith beart an 18 Deireadh Fómhair **chun praghas an gháis nádúrtha a mhaolú agus chun an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a neartú.** Mhol an Coimisiún na huirlisí dlíthiúla a thabhairt don Aontas chun **gás a cheannach go comhpháirteach**, chun sreafaí gáis a áirithiú sna háiteanna ina bhfuil gá leis agus chun dlús a chur le cumas an Aontais freagairt go tapa i gcás éigeandála trí **rialacha réamhshocraithe a leagan síos maidir le comhaontuithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta** do na Ballstáit sin nach bhfuil na comhaontuithe sin tugtha i gcrích acu go fóill. Chun praghsanna gáis a mhaolú, chuirfí de chúram ar ACER **tagarmharc nua, comhlántach a fhorbairt do cheannacháin GNL**. Thairis sin, chun freagairt don ghéarchéim fuinnimh atá ar siúl faoi láthair, tá sé beartaithe ag

an gCoimisiún sásra a chur ar bun **chun praghsanna a theorannú tríd an bpríomhmhalartú gáis san Eoraip,** an TTF, a chuirfear i ngníomh nuair is gá.

Tá an Coimisiún ag déanamh monatóireachta agus ag plé leis na Ballstáit ar dhul chun cinn na **measúnuithe leanúnacha ar an leordhóthanacht inar cheart forléargas a thabhairt ar na rioscaí nithiúla don gheimhreadh seo.** Tá na measúnuithe sin bunaithe ar na bearta is déanaí agus ar staid na bhfoinsí giniúna i rith an gheimhridh, agus ar na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun dul i ngleic leis na rioscaí nithiúla. Ba cheart go n-urramófaí an margadh inmheánach go hiomlán le gníomhaíocht den sórt sin, ós rud é nach amháin gur gné riachtanach den mhargadh inmheánach í an trádáil trasteorann ach gur gné ríthábhachtach í freisin de dhlúthpháirtíocht na hEorpa sa leictreachas agus sa ghás. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh aon srian míchuí slándáil an tsoláthair leictreachais i mBallstáit, i réigiúin agus san Aontas a chur i mbaol.

2.1. SOLÁTHAR FUINNIMH

Ó cuireadh tús le hionradh na Rúise san Úcráin, tá an Rúis ag ionramháil an tsoláthair gáis agus é mar aidhm aici an bonn a bhaint de dhlúthpháirtíocht agus de shlándáil fuinnimh an Aontais. Ar an iomlán, tá 13 Bhallstát thíos go díreach le **laghduithe soláthairì**[12] go páirteach nó go hiomlán agus ní fhaigheann **cúig Bhallstát** (an Bhulgáir, an Pholainn, an Liotuáin, an Laitvia agus an Fhionlainn) **aon soláthar gáis ón Rúis a thuilleadh**. **De réir a chéile, rinne Gazprom sreafaí gáis a laghdú faoi** Nord Stream 1 go nialas faoi thús mhí Mheán Fómhair, agus b'oscailt súl don Aontas iad na teagmhais a tharla le déanaí maidir le Nord Stream 1 agus 2 chun slándáil an tsoláthair a neartú agus chun ullmhacht a mhéadú chun dul i ngleic le cásanna tromchúiseacha cur isteach. Tá córas fuinnimh an Aontais láidir, lena n-áirítear maidir le bagairtí hibrideacha. Mar sin féin, taobh amuigh de chinnteacht soláthair fuinnimh, ní mór dúinn leanúint leis an obair ar chosaint an bhonneagair chriticiúil agus ar an gcibearshlándáil. Mar thoradh ar ionramháil leanúnach **an soláthair gáis** chuig an Aontas, tá laghdú suntasach tagtha ar sciar na Rúise inár n-allmhairí píblíne. Cé gur sholáthair Cónaidhm na Rúise 41 % d'allmhairí gáis nádúrtha an Aontais in 2021, **tháinig laghdú ar allmhairí gáis ó phíblíne na Rúise go 9 % faoi mhí Mheán Fómhair 2022**.

Le cur i bhfeidhm an Phlean REPowerEU agus Straitéis Fuinnimh Sheachtraigh AE, tá an titim sheasta i soláthar na Rúise ó bhí tús an chogaidh ann tar éis cúiteamh a fháil trí mhéadú ar sholáthairtí gáis malartacha a bhuíochas d'iarrachtaí rathúla chun teagmháil a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Idir Eanáir agus Iúil, tháinig méadú 19bcm agus 14bcm ar sheachadtaí neamh-Rúiseacha trí ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) trí phíblínte. **Tá GNL ina phríomhfhoinse soláthair san Aontas anois agus is ionann é agus 32 % d'iomlán na glan-allmhairí gáis**. Is iad an Iorua agus SAM príomhsholáthraithe AE.

Chinn an Coimisiún freisin gníomhú ar mhór ghné den ullmhacht don gheimhreadh: **stóráil gáis.** Leagadh síos sa Rialachán maidir le Stóráil sprioc de 80 % ar a laghad den ghás atá á stóráil faoi mhí na Samhna 2022. Sa lá atá inniu ann, bhí **leibhéal líonta stórála gáis an Aontais** os cionn 91 % faoi lár mhí Dheireadh Fómhair agus sháraigh 14 Bhallstát 80 % faoin 5 Deireadh Fómhair 2022. Tá na Ballstáit ar fad i gcomhréir lena gcuid conairí stórála agus tá an Coimisiún ag leanúint lena chuid oibre maidir leis an Rialachán a chur chun feidhme lena áirithiú nach mbeidh aon deacracht ag aon Bhallstát na spriocanna sin a bhaint amach.

[12] BG, PL, DE, FI, DK, NL, IT, FR, AT, CZ, SK, LV – agus LT a chinn iad féin stop a chur le gach allmhairiú ón Rúis.

Bhí tionchar ag roinnt cur isteach eile ar sholáthar leictreachais an Aontais freisin. Cé gur ghin an tAontas 12 %, a mhéid b'airde riamh, dá leictreachas ón **ngrian** ó Bhealtaine go Lúnasa 2022 agus 13 % ón **ngaoth**, thit an sciar den **hidreachumhacht**[13] ó 14 % go 11 % i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, mar gheall ar leibhéil ísle uisce i roinnt aibhneacha agus taiscumar a bhain le triomach an tsamhraidh.

In 2020, ghin gléasraí cumhachta **núicléiche** thart ar 24.6 %[14] den leictreachas iomlán a táirgeadh san Aontas. Mar sin féin, **tá cabhlach núicléach an Aontais ag dul in aois, agus go dtí go mbeidh infheistíochtaí nua ag teacht isteach, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú sealadach ar aschur iomlán an chabhlaigh go dtí deireadh na ndeich mbliana seo**[15]**.** Mar thoradh ar thriomach agus teochtaí arda tá easpa uisce fuaraithe ann do stáisiúin núicléacha agus tá leibhéil ísle uisce ann lenar cuireadh bac ar tháirgeadh agus ar iompar breoslaí núicléacha. Mar thoradh air sin tá táirgeadh níos ísle in 2022.

Ó bhí mí an Mhárta 2022 ann, breathnaíodh daingne agus fiú ganntanais roinnt príomhtháirgí peitriliam (díosal, breosla eitlíochta agus ola bhreosla den chuid is mó) **mar gheall ar an éileamh atá ag méadú** agus smachtbhannaí á gcur orthu féin ag oibreoirí an Aontais agus iad ag súil le bearta uile-Aontais. Géaraíodh ar an méid sin i rith an tsamhraidh **de bharr eachtraí i roinnt scaglann san Aontas agus de bharr roinnt deacrachtaí lóistíochta,** a spreag na leibhéil ísle uisce ar an Réin agus ar an Danóib, ar príomhbhealaí uisce iad chun breosla a iompar. Spreag sé sin roinnt Ballstát chun **stoic ola éigeandála a scaoileadh** mar chúiteamh ar an nganntanas i dtáirgí peitriliam. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach ar fhorbairtí i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an nGrúpa Eorpach Comhordaithe Ola.

2.2. SOLÁTHAR FUINNIMH AN AONTAIS A ÉAGSÚLÚ

Mar an t-allmhaireoir gáis nádúrtha is mó ar domhan, tá straitéis fhada ag an Aontas chun **foinsí a éagsúlú agus bealaí gáis nádúrtha a allmhairiú.** Áirítear leis sin an tAontas a nascadh le foinsí nua soláthair, mar shampla trí **Chonair Ghais an Deiscirt** agus foinsí nua GNL i limistéar na Meánmhara. Cuireadh dlús le hiarrachtaí éagsúlaithe le déanaí, mar shampla leis an **bPíopa Baltach**, le tacaíocht ó na Gréasáin Tras-Eorpacha Fuinnimh, a tionscnaíodh an 28 Meán Fómhair 2022. Cuireann an Píopa Baltach le héagsúlú an tsoláthair gáis i Lár-Oirthear na hEorpa agus sna Stáit Bhaltacha trí bhealach nua allmhairithe a oscailt ón Muir Thuaidh go dtí an tAontas Eorpach. Beifear in ann suas le 10 bcm gáis a allmhairiú gach bliain ón Iorua go dtí an Pholainn agus 3 bcm gáis a iompar ón bPolainn go dtí an Danmhairg. Le déanaí cuireadh tús chomh maith leis an idirnascaire idir an Ghréig agus an Bhulgáir, athrú ríthábhachtach sa straitéis éagsúlaithe agus athléimneachta, an 1 Deireadh Fómhair.

Agus aghaidh á tabhairt acu ar bhrú soláthair fuinnimh an lae inniu, bhunaigh an Coimisiún agus na Ballstáit **Ardán Fuinnimh an Aontais** mar **shásra comhordaithe deonach chun tacú le gás, GNL agus hidrigin a cheannach**, agus bhí sé d'aidhm acu cuidiú le soláthairtí

[13] Laistigh de Chlár Copernicus, Clár Copernicus: an tseirbhís um an athrú aeráide (C3S) tairgtear tacaíocht don earnáil fuinnimh in-athnuaite le táirgí tiomnaithe atá dírithe arPgar don-fhíor-ama, táirgeadh gaoithe agushidreachumhachta gar d'fhíor-am (stairiúil, gar don-fhíor-ama agus réamh-mheastacháinfaoi chásanna éagsúla).

[14] Sonraí Eurostat is déanaí:: Staidreamh i dtaca le fuinneamh núicléach - Míniú ar Staidreamh (europa.eu)

[15] Meastar go mbeidh sciar 16 % ag an bhfuinneamh núicléach i nginiúint leictreachais faoi 2030 (samhaltú 'Oirúnach do 55') agus sciar 15 % den ghiniúint cumhachta faoi 2050 (Teachtaireacht 'Pláinéad Glan do Chách' agus an Plean um Sprioc Aeráide).

gáis a éagsúlú. Tógann clár an Aontais um fhuinneamh ar thrí cholún: an t-éileamh gáis ar cheannach comhpháirteach a chomhiomlánú, úsáid bhonneagair a bharrfheabhsú san Aontas chun tacú le hathrú i bpatrúin sreafa agus rochtain a chomhordú do chomhpháirtithe idirnáisiúnta.

Leis an Ardán tugadh chun tosaigh **comhaontuithe le comhpháirtithe iontaofa fuinnimh** chun soláthar fuinnimh an Aontaisa éagsúlú agus a fháil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ar an 15 Meitheamh 2022, tugadh comhaontú tríthaobhach i gcrích idir **an tAontas, an Éigipt agus Iosrael** i gCaireo chun tacú le honnmhairiú soláthairtí gáis ó Iosrael chuig an Aontas trí chríochfoirt LNG na hÉigipte. An 18 Iúil 2022, shínigh **an tAontas agus an Asarbaiseáin** Meabhrán Tuisceana (MT) maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach i Réimse an Fhuinnimh. Tacóidh an MT nua le hacmhainn Chonair Gháis an Deiscirt a dhúbailt suas le 20 billiún méadar ciúbach ar a laghad in aghaidh na bliana ó 2027 i leith i gcomhréir le plean REPowerEU agus dálaí tarraingteacha agus cobhsaí á n-áirithiú do sholáthairtí gáis nádúrtha don Aontas, rud a léiríonn cineál fadtéarmach na comhpháirtíochta fuinnimh idir an tAontas agus an Asarbaiseáin. Ina theannta sin, tá dlús curtha ag an Aontas leis an idirphlé maidir le soláthairtí gáis a mhéadú lena chomhpháirtithe iontaofa, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, an Iorua agus an Ailgéir. Chuir sé dlús freisin leis an bplé le Ceanada maidir le soláthairtí a d'fhéadfadh a bheith ann sa mheántéarma.

Ina **chomharsanacht** láithreach, tá an beart misniúil, gan fasach déanta ag an Aontas chun tacú le sioncrónú éigeandála a dhéanamh ar ghréasán leictreachais na hÚcráine agus na Moldóive le gréasán leictreachais mhór-roinn na hEorpa, rud a chaomhnóidh cobhsaíocht na n-eangach agus a chruthóidh na dálaí don trádáil leictreachais ar bhealach chomhtairbheach.

Ós rud é go bhfuil ionchur na gcuideachtaí i margadh an gháis ríthábhachtach le go n-éireoidh leis an sásra sin, tá Grúpa Comhairleach Tionscail á **bhunú ag an gCoimisiún freisin[16].** Tabharfaidh an grúpa sin comhairle don Choimisiún maidir le cur chun feidhme praiticiúil an chomhcheannaigh agus maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh comhcheannach i gcomhréir le riachtanais an tionscail. Breathnófar sa tuarascáil ar shocruithe amhail comhthairiscint agus cruthú comhfhiontar chun gás a cheannach.

Tá torthaí ar an gcomhar leis an tionscal cheana féin. Mar shampla, tá garsprioc thábhachtach bainte amach ag cur chun feidhme phlean gníomhaíochta REPowerEU maidir le **bithmheatán** le seoladh oifigiúil na **Comhpháirtíochta Tionsclaíche Bithmheatáin (BIP)**. Leis an bplean gníomhaíochta, éascófar táirgeadh bliantúil an Aontais 35 bcm de bhithmheatán inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030. Tacóidh an Chomhpháirtíocht Thionsclaíoch Bhithmheatáin le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta trí roinnt tascfhórsaí, ar a mbeidh saineolaithe ón tionscal, ó údaráis phoiblí na hearnála príomha, ón lucht acadúil, agus ón tsochaí shibhialta.

Ina theannta sin, **bunaíodh cúig Ghrúpa Réigiúnacha faoin Ardán Fuinnimh** lenar bhain an Coimisiún, na Ballstáit agus tíortha an Chomhphobail Fuinnimh. Cothóidh siad tuiscint níos fearr ar éileamh féideartha gáis, a chuirfidh isteach sa scéim um chomhcheannach, nuair a bheidh sí bunaithe.

Ní mór éagsúlacht foinsí fuinnimh a bheith ag gabháil le héagsúlú na mbealaí, mar shampla, trí fhuinneamh in-athnuaite a threisiú, trí ghlacadh hidrigine in-athnuaite a luathú, trí bhithmheatán inbhuanaithe a mhéadú, trí ídiú iontaise a laghdú in earnálacha an tionscail

[16] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3865

agus an iompair ina bhfuil sé deacair GCT a laghdú agus trí cheadú agus nuálaíocht a bhrostú.

A mhéid a bhaineann le **húsáid foinsí intíre** suiteáladh 36 GW, an méid b'airde riamh, d'acmhainn giniúna cumhachta in-athnuaite in 2021[17]. Le méadú **an fhuinnimh in-athnuaite, chuir an tAontas thart ar 164.6 Mtoe ola agus 155.6 Mtoe ola de bhreoslaí iontaise** in 2020 agus in 2019 faoi seach, i gcomparáid le leibhéal úsáide an fhuinnimh in-athnuaite in 2005. Is ionann sin agus coigilteas **EUR 43.5 billiún** don Aontas i dteannta a chéile as úsáid breosla iontaise a sheachaint in 2019, **agus EUR 34.6 billiún** in 2020[18]. Coigilteas ar bhreosla iontaise ó úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite, rud a mhéadódh go mór nuair a chomhlíonfaí an sprioc atá beartaithe do 2030 maidir le 45 % d'fhoinsí in-athnuaite, rud a chuirfeadh ar chumas an Aontais an spleáchas ar bhreosla in-athnuaite ón Rúis a laghdú go nialas faoi 2027.

Ó glacadh REPowerEU, tá borradh suntasach curtha faoi bheartais an Aontais, a bhfuil dul chun cinn maith déanta acu maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid, rud a chuidíonn go mór le foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhás freisin go mór i ngach earnáil úsáide deiridh. Tugtar le fios le comharthaí luatha go mbeidh **2022 ina bhliain cheiliúrtha don mhargadh fótavoltais Eorpach** le fás bliantúil sna margaí is mó san Aontas idir 17 % agus 26 %[19]. Tríd is tríd, **táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i nginiúint an leictreachais ó 37 % in 2021[20] go 69 % in 2030.**

Leis an **Luasaire Hidrigine** a moladh i bPlean Gníomhaíochta REPowerEU, chuir an Coimisiún meastachán ar fáil ar riachtanais na hinfheistíochta agus ar na costais bhreise le béim ar leith ar úsáid gháis nádúrtha a ionadú. Ina haitheasc ar Staid an Aontais a thug sí os comhair Pharlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin go mbunófaí an **Banc Eorpach Hidrigin**. Tá sé d'aidhm ag an mBanc Hidrigine an margadh hidrigine a aistriú ó margadh nideoige go margadh scála trí tháirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite a luathú agus iad sin a nascadh trí na bonneagair riachtanacha a fhorbairt ar bhealach comhordaithe.

A mhéid a bhaineann leis an rannchuidiú i dtaca le **fuinneamh núicléach** i dtaca le slándáil an tsoláthair leictreachais sna blianta amach romhainn, ní mór do na Ballstáit cinntí tráthúla a dhéanamh i dtaca le hinfheistíochtaí in oibriú fadtéarmach na stáisiún núicleach atá ann cheana, agus i dtaca le feabhsuithe iomchuí sábháilteachta agus éifeachtúlachta, lena n-áirítear i mbearta oiriúnaithe don aeráid. Thairis sin, chun cabhrú leis **na rioscaí**i roinnt Ballstát[21] a bhaineann le **slándáil an tsoláthair do sheirbhísí timthriall breosla núicléach agus breosla núicléach na Rúise a mhaolú**, chomh maith le trealamh agus teicneolaíocht, tá an Coimisiún agus Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GES) ag cur dlús leis na hiarrachtaí i gcomhar leis na Ballstáit agus lena n-údaráis a áirithiú go mbeidh soláthairtí breosla malartacha ar fáil ó an Aontais agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa.

[17] https://www.iea.org/news/renewable-power-is-set-to-break-another-global-record-in-2022-despite-headwinds-from-higher-costs-and-supply-chain-bottlenecks

[18] https://www.eurobserv-er.org/pdf/20th-annual-overview-barometer/


[19] Global Market Outlook For Solar Power 2022-2026 - SolarPower Europe

[20] Athbhreithniú ar an Leictreachas Eorpach 2022 |Ember (ember-climate.org)

[21] As 13 Bhallstát an Aontais a ghineann fuinneamh núicléach, tá ceithre Bhallstát ag brath go hiomlán agus tá Ballstát amháin ag brath go páirteach ar sholáthar breosla núicléach na Rúise. Tá roinnt de na tíortha sin an-leochaileach mar go léiríonn fuinneamh núicléach sciar mór de tháirgeadh leictreachais (suas le 53.8 %) agus tá a spleáchas ar sholáthairtí fuinnimh eile ón Rúis (gás, ola) ard.

2.3 ÉILEAMH FUINNIMH

Tá sé ríthábhachtach éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú chun seasamh i gcoinne aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ar an soláthar agus a dtionchair agus a gcostais a íoslaghdú. Is minic gurb é seo an bealach is saoire, is sábháilte agus is glaine chun ár spleáchas ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis a laghdú, agus ag an am céanna cur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán aeir a laghdú, rud a chuirfidh le dul i ngleic leis an athrú aeráide.



Fíor 2: Laghdú ar Idiú Fuinnimh Deiridh sa tionscal, san iompar, i dteaghlaigh agus i seirbhísí. Foinse: Eurostat, 2022[22].

I mí na Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún sraith tionscnamh ag tosú le **Plean an Aontais maidir le 'Fuinneamh a Choigilt'** chun treoir a thabhairt do na Ballstáit na bearta is fearr atá saincheaptha a dhearadh chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú. Ina theannta sin, mhol an Coimisiún **uirlis reachtach nua** agus **Plean Eorpach um an Éileamh ar Ghás a laghdú** i mí Iúil 2022 d'fhonn úsáid gháis san Eoraip a laghdú 15 % faoin earrach seo chugainn agus ghlac an Chomhairle an Rialachán maidir le héileamh gáis a laghdú an 5 Lúnasa 2022[23]. Tá bearta laghdaithe éilimh á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit anois, a chuirfear san áireamh i **nuashonrú na bPleananna Náisiúnta Éigeandála atá le teacht ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022**.

I gcomhréir le cuspóirí phlean **REPowerEU** agus an phacáiste um **Spáráil Gáis le haghaidh Geimhreadh Sábháilte**, **tá bearta glactha ag formhór na mBallstát chun fuinneamh a shábháil** i bhfoirgnimh, i dtionscal agus in iompar sa ghearrthéarma. Tugadh isteach roinnt feachtais chumarsáide. **Chuir roinnt Ballstát bearta i bhfeidhm chun uasteochtaí téimh**

[22] Na graif do theaghlaigh agus seirbhísí, ceartaíodh iad chun dálaí aeráide a chur san áireamh. Faightear an fachtóir ceartúcháin aeráide trí na Laethanta Céime Téimh (HDD) a thomhas i ngach bliain leis an meán-HDD le linn na tréimhse 1980-2004.

[23] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/08/05/council-adopts-regulation-on-reducing-gas-demand-by-15-this-winter/

agus fuaraithe a shocrú i gcatagóirí áirithe foirgneamh agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis an luasteorainn ar mhórbhealaí a ísliú. Tá **bearta níos cuimsithí agus níos struchtúrtha glactha ag roinnt Ballstát freisin,** a mbeidh tionchar acu cheana féin i séasúr an gheimhridh atá le teacht, **trí na rialacháin atá ann cheana a neartú nó trí chur le scéimeanna tacaíochta** atá ann cheana d'fhoirgnimh, do thionscal agus d'iompar.

Ina theannta sin, mhol **an Coimisiún méadú 13 % ar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais 2030 chun maoiniú príobháideach a fháil i gcomhair éifeachtúlacht fuinnimh**. In 2023, seolfaidh sé Comhghuaillíocht Eorpach ardleibhéil maidir le Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh leis an earnáil airgeadais.

In éineacht le REPowerEU, mhol an Coimisiún freisin **go gcinnteofaí go mbeadh gach foirgneamh nua deartha chun a n-acmhainneacht ghiniúna fuinnimh gréine a bharrfheabhsú** mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD). Is é is aidhm leis an athbhreithniú sin **stoc foirgníochta na hEorpa a dhícharbónú go hiomlán faoi 2050**, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a leagan síos chun athchóiriú ar fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh a spreagadh, ráta na n-athchóirithe a mhéadú faoi 2030, deireadh a chur le téamh atá bunaithe ar bhreosla iontaise de réir a chéile, agus an acmhainn d'fhuinneamh na gréine i bhfoirgnimh a uasmhéadú. Beidh bearta den sórt sin tábhachtach do theaghlaigh leochaileacha, go háirithe i gcomhthéacs praghsanna arda fuinnimh faoi láthair.

Cuimsítear athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar rialacháin atá ann cheana maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh i bpríomhábhar oibre an phlean oibre **éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh[24], agus tús áite á thabhairt d'fhearais téimh agus fuaraithe.** Ag an am céanna, tá athbhreithniú uaillmhianach á dhéanamh ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht[25].

2.4 AISTRIÚ CÓIR, INACMHAINNEACHT AGUS INBHUANAITHEACHT

Aistriú cóir agus inacmhainneacht

An creat beartais chun na spriocanna maidir le haistriú fuinnimh agus aeráide a chur chun cinn i réigiúin, in earnálacha agus i ngnólachtaí a bhfuil déine ard maidir le gás ceaptha teasa (GCT) nó atá ag spleách go mór ar eastóscadh breoslaí iontaise soladacha. **Is féidir le réigiúin atá dian ar ghual, ar mhóin, ar sceall ola agus ar charbóin a bhfuil an t-aistriú go haeráidneodracht ag dul i bhfeidhm orthu maoiniú a fháil ón Sásra um Aistriú Cóir.** Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún gach Plean Críche um Aistriú Cóir a ghlacadh faoi dheireadh 2022 agus tacaíonn sé leis na réigiúin uile tríd an Ardán um Aistriú Cóir agus an tionscnamh le haghaidh réigiúin ghuail i mbun aistrithe. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022, soláthraítear creat comhpháirteach breise le haghaidh beartais shóisialta, fostaíochta agus scileanna atá cuimsitheach agus comhleanúnach chun a áirithiú nach ndéanfar aon duine a fhágáil ar lár , i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Is **ábhar mór imní é** an **tionchar atá ag praghsanna arda agus luaineacha fuinnimh ar thomhaltóirí, ar FBManna agus ar thionscail** ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Idir 2019 agus 2022 ar an meán ar fud Bhallstáit an Aontais, tháinig méadú[26] níos mó ná aon trian ar an sciar den chaiteachas fuinnimh, agus tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar an sciar i roinnt

[24] C/2022/2026, IO C 182, 4.5.2022, lgh. 1-12
[25] https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-ecodesign-sustainable-products-regulation_ga
[26] Ní áirítear leis sin costais iompair breosla.

tíortha[27]. **Tá an baol ann nach mbeadh grúpa níos mó** teaghlach in ann a mbillí fuinnimh a íoc, rud a bheadh tionchar aige ní hamháin ar theaghlaigh ar ioncam íseal, ach freisin ar theaghlaigh ar íseal-mheánioncaim agus thairis sin i roinnt Ballstát, b'fhéidir. Baol é sin a mhéadódh an bhochtaineacht fuinnimh ina raibh 35 milliún saoránach de chuid an Aontais (thart ar 8 % de dhaonra an Aontais) in ann a dtithe a choinneáil té go leor in 2020. Dá bhrí sin, tá sé níos práinní fós do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar "bhunchúiseanna" láithreach agus ar "bhunchúiseanna" na bochtaineachta fuinnimh, trí bhearta éigeandála spriocdhírithe a chomhcheangal le gníomhaíochtaí níos fadtéarmaí, amhail bearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ón mbeartas aeráide agus fuinnimh a laghdú. I mí na Bealtaine 2022, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Comhordaithe[28] maidir le bochtaineacht fuinnimh agus le tomhaltóirí leochaileacha, rud a chabhróidh leis na Ballstáit taithí a mhalartú maidir le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh.

Ina theannta sin, tá tionchar míchothrom ag praghsanna arda fuinnimh ar ghnólachtaí agus ar thionscail, chomh maith le teaghlaigh, rud a chruthaíonn fadhbanna suntasacha inacmhainneachta fuinnimh do roinnt fiontar agus earnálacha. I gcomhréir le REPowerEU, tagraíonn an **leasú ar an Creat Géarchéime Sealadach maidir le Státchabhair** don fhéidearthacht cabhair a dheonú chun breosla a mhalartú. Go háirithe, leathnaítear an Creat Géarchéime Sealadach chun bearta a chlúdach a chuireann dlús le feidhmiú céimneach an fhuinnimh in-athnuaite, agus a éascaíonn dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch. Is é atá i gceist leis an dara ceann gur féidir leis na Ballstáit tacú le hinfheistíochtaí sa tionscal, deireadh a chur le breoslaí iontaise agus timpeallacht ghnó a chruthú nach bhfuil chomh luaineach sin, trí leictriú, trí éifeachtúlacht fuinnimh, agus trí athrú chuig úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus hidrigine bunaithe ar leictreachas.

Chuir na Ballstáit **réimse leathan beart tacaíochta i bhfeidhm** cheana, lena n-áirítear bearta atá bunaithe ar an mBosca Uirlisí Fuinnimh. I measc nithe eile, thug na Ballstáit tacaíocht dhíreach ioncaim, laghduithe ar chánacha, tobhaigh agus aisíocaíochtaí ar bhillí fuinnimh na dtomhaltóirí, agus bearta chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le táirgeadh in-athnuaite ar an láthair. Ina theannta sin, rinne na Ballstáit idirghabháil i bpraghsanna miondíola don leictreachas agus don ghás. Mar chuid den Teachtaireacht maidir le REPowerEU[29] i mí an Mhárta 2022, **thug an Coimisiún Treoir maidir le hidirghabháil Stáit a chur i bhfeidhm ar shocrú praghsanna,** don soláthar leictreachais, rud a chinntigh go rachaidh siad chun tairbhe do thomhaltóirí le linn na géarchéime reatha agus go bhfeabhsóidh siad an iomaíocht chun leasa tomhaltóirí san fhadtéarma. Ina theannta sin, mar aleagtar amach sa Teachtaireacht maidir le hIdirghabhálacha Gearrthéarmacha Margaidh agus le Feabhsúcháin Fhadtéarmacha ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais, chuir an Coimisiún reachtaíocht i láthair chun rialáil praghsanna miondíola a cheadú do FBManna agus do theaghlaigh faoi chostas. Comhaontaíodh é sin go polaitiúil ag an gcruinniú urghnách a bhí ag an gComhairle Fuinnimh an 30 Meán Fómhair.

A mhéid a bhaineann le **rannpháirtíocht agus rochtain idirnáisiúnta**, tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag an Aontais i gcur chun feidhme an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán agus na comhpháirtíochta um Aistriú Cóir fuinnimh leis an Afraic Theas, mar obair leantach ar na fógraí a rinneadh ag COP26.

[27] Tuarascáil ar phraghsanna agus ar chostais fuinnimh 2022 ón gCoimisiún Eorpach (le teacht).

[28] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3849

[29] COM(2022) 108 final

Inbhuanaitheacht
Tá sé riachtanach go **ndéanfaí truailliú aeir a laghdú** tuilleadh chun an uaillmhian atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Saor o Thruailliú a bhaint amach agus chun freagairt don líon ard básanna anabaí atá nasctha le truailliú aeir. **Le REPowerEU** chomh maith le nuashonrú a an phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide **soláthraítear an deis astaíochtaí truailleán aeir a laghdú tuilleadh nuair a feabhsuithe á dtabhairt chun** cinn leo ar éifeachtúlacht fuinnimh agus tríd an aistriú i dtreo foinsí fuinnimh in-athnuaite neamh-indóite, go háirithe grian agus gaoth. Ag an am céanna, tá rioscaí ag baint le héagsúlú foinsí soláthair agus fuinnimh, fiú amháin ar bhonn sealadach, a bhaineann le spleáchas méadaithe ar ghual agus ar bhithfhuinneamh, a mbeadh truailliú aeir níos airde mar thoradh air.

Is dócha go n-athróidh an éifeacht fhoriomlán ar cháilíocht an aeir go geografach, agus breathnófar air sin sa **Tríú tuarascáil ar Ionchas Aeir Ghlain**[30] mar chuid den tuarascáil níos leithne ar **Faireachán agus Ionchas Truaillithe Nialaigh**. Leis an anailís sin is féidir na Ballstáit a threorú ina roghanna cur chun feidhme chun an riachtanas gearrthéarmach sin a bhaineann an bonn de chuspóirí fadtéarmacha na sláinte poiblí a sheachaint.

Tá obair faoi lán seoil ar athbhreithniú na **dTreoracha Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh**, chun caighdeáin cháilíochta aeir na hEorpa a ailíniú go dlúth leis na treoirlínte cáilíochta aeir athbhreithnithe a ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in 2021, agus táthar ag súil go nglacfar le togra reachtach faoi dheireadh na bliana. Beidh tuilleadh feabhsuithe ar cháilíocht an aeir i ngach áit san Aontas mar thoradh air sin agus beidh sé níos riachtanaí ná riamh dlúth-chomhordú a dhéanamh ar fud réimsí beartais, lena áirithiú go mbeidh beartais éagsúla ag treisiú go frithpháirteach.

Cé go laghdóidh aistriú ó theicneolaíochtaí tuirbín gaile go giniúint cumhachta in-athnuaite ó acmhainní gréine agus gaoithe an t-ídiu iomlán fionnuisce, beidh riachtanais bhreise ar uisce úr mar gheall ar leathadh amach feabhsaithe táirgeadh hidrigine in-athnuaite, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, cloí leis an Treoir Réime maidir le hUisce nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar an áit a gcuirfear acmhainní breise leictrealaithe i bhfeidhm.

3. DUL CHUN CINN LEIS AN AONTAS FUINNIMH – STOCÁIREAMH AR FUD GACH GNÉ DEN BHEARTAS FUINNIMH AGUS AERÁIDE

3.1. Dícharbónú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

Dearbhaítear sna tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IRAA) go gcaithfear gníomhú go tapa agus go claochlaitheach ar an leibhéal domhanda má táimid chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus athrú aeráide contúirteach a sheachaint. Tá an tAontas Eorpach meáite go láidir ar théamh domhanda a theorannú agus tá sé ag leagan síos beartais inláimhsithe i gcomhréir le spriocanna 2030 agus le sprioc na haeráidneodrachta faoi 2050. Ina theannta sin, chuir an tAontas sásraí maoinithe i bhfeidhm chun aistriú inbhuanaithe, cóir shóisialta agus chost-éifeachtúil a áirithiú, chomh maith le straitéis uaillmhianach um oiriúnú don aeráid.

Rinne an tAontas a sprioc do 2020 maidir le laghdú 20 % **ar ghás ceaptha teasa (GCG)** a shárú go mór i gcomparáid le 1990[31]. Laghdaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána[32], gan

[30] le glacadh faoi dheireadh 2022.
[31] https://unfccc.int/sites/default/files/resource/European%20Union-BR4_C_2019_8832_and_SWD_2019_432_2.pdf

úsáid talún, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a áireamh, 32 % san Aontas i gcomparáid leis an mbonnbhliain 1990: laghdú 1.55 billiún tona de choibhéis CO_2 faoi 2020. Mar sin féin, léirítear i meastacháin shealadacha go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais[33] teacht aniar in 2021 i gcomparáid lena leibhéal thar a bheith íseal in 2020[34] agus an geilleagar ag téarnamh ón bpaindéim agus go bhfuil athrú sealadach ó ghás go gual mar thoradh ar phraghsanna thar a bheith ard ar ghás.

Dul chun cinn le gníomhú ar son na haeráide san Eoraip
Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas Eorpach maidir leis an **Comhaontú Glas don Eoraip** a chur i gcrích. I mí Iúil 2021, mhol an Coimisiún pacáiste **cuimsitheach de reachtaíocht aeráide agus fuinnimh** (arna neartú tuilleadh leis an **bPlean REPowerEU is déanaí),** atá á chaibidliú faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, chun a áirithiú go mbeidh creat beartais an Aontais oiriúnach do sprioc aeráide mhéadaithe an Aontais do 2030. Ceapadh **Bord Comhairleach Eolaíoch na hEorpa um Athrú Aeráide** in 2022 chun comhairle eolaíoch neamhspleách a chur ar fáil maidir le bearta agus spriocanna aeráide an AE. Ghlac an Coimisiún **treoir maidir le díonadh ó thaobh na haeráide de** agus nuashonraigh sé a **ionstraimí do rialáil níos fearr** chun a chinntiú go nglacfaidh sé an cur chuige céanna agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé an bhfuil dréachtbhearta comhsheasmhach le neodracht aeráide agus le dul chun cinn maidir le hoiriúnú, mar atá leagtha amach sa Dlí Aeráide.

In 2022, neartaigh an tAontas a ghníomhaíocht bheartais sna príomhearnálacha freisin le togra reachtach le haghaidh **Rialachán nua maidir le F-Gháis** chun laghdú carnach breise ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050. Tá togra reachtach eile le haghaidh caighdeáin astaíochtaí **CO_2 d'fheithiclí tromshaothair** a neartú le teacht faoi dheireadh 2022.

Fuinneamh in-athnuaite
In 2020, **bhain an tAontas sciar 22.1 % d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach i dtaca le holl-ídiú fuinnmh deiridh, agus sáraíodh an spriocleibhéal 20 %** a socraíodh do 2020[35]. Mhéadaigh sciar foriomlán na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh (ROS) 2.2 pointe céatadáin ó 2019 go 2020, arna éascú ag ídiú fuinnimh níos ísle mar gheall ar phaindéim COVID. Tá éagsúlacht mhór ag baint le sciartha RES in 2020 ar fud na mBallstát. Bhain an tSualainn an sciar b'airde amach in 2020 (60.1 %), agus bhain an Fhionlainn (43.8 %) agus an Laitvia (42.1 %) an sciar ab airde amach ina dhiaidh sin. Agus aird á tabhairt ar úsáid náisiúnta agus ar aistrithe staitistiúla a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi láthair, bhain gach Ballstát seachas an Fhrainc a sprioc náisiúnta 2020 amach[36]. D'úsáid an Bheilg, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSlóivéin aistrithe staitistiúla chun a sprioc RES a bhaint amach sa Treoir RES.

---


[32] Laistigh de Chlár Copernicus, soláthraíonn Seirbhís Copernicus um Fhaireachán ar an Atmaisféar (CAMS) sonraí agus táirgí faireacháin astaíochtaí gar d'fhíor-am, ag cabhrú le measúnú laghduithe astaíochtaí, agus fad go dtí an sprioc maidir le rialacháin an Aontais agus ionstraimí beartais idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí (Comhaontú Pháras).

[33] Foilseoidh an LEE neasmheastacháin 2021 maidir le hAstaíochtaí gás ceaptha teasa ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022 agus tuairisceofar iad i dtuarascáil an LEE ar "Treochtaí agus réamh-mheastacháin san Eoraip 2022" agus sa tuarascáil ar Dhul Chun Cinn um Ghníomhú ar son na hAeráide.

[34] Mar atá leagtha amach in aighneacht fardail GCT 2022 an Aontais chuig an UNFCCC. Cuirfear sonraí sealadacha ar fáil in éineacht leis an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022, atá le foilsiú faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022.

[35] Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

[36] Bhain an Fhrainc 19.1 % amach; ag teip ar a sprioc de 3.9 % pointí céatadáin.



Fíor 3: Sciartha foriomlána RES le haistrithe staidrimh agus gan iad i gcomparáid le spriocanna RES 2020. Foinse: SCIARTHA Eurostat; Treoir RED I

Le ranníocaíocht 37.5 % in 2020, tá sciar coibhneasta na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an sciar is mó san earnáil **leictreachais**. B'fhoinsí in-athnuaite a bhí in 23.1 % den earnáil **téimh agus fuaraithe agus** in 2020. Maidir leis an earnáil **iompair**, tá na scaireanna níos ísle ar bhonn comparáideach agus shroich siad 10.2 % in 2020. Tá an **bithfhuinneamh** fós ar an bpríomhfhoinse fhuinnimh in-athnuaite san Aontas, agus sciar 58.1 % den iomlán aige in 2020. San Eoraip, den mhórchuid, is é an bithfhuinneamh an phríomhfhoinse fuinnimh in-athnuaite (thart ar 60 %). I bhfianaise an laghdaithe ar linnte carbóin agus an gá atá leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, treisítear leis an togra ón gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite i bpacáiste Oiriúnach do 55 na critéir inbhuanaitheachta maidir le húsáid na bithmhaise le haghaidh fuinnimh agus áirítear ann oibleagáid ar Bhallstáit prionsabal an chascáidithe a chur i bhfeidhm ina scéimeanna tacaíochta.

Tá an togra maidir le **huaillmhian fhoriomlán RES a mhéadú go 45 %** agus **dlús a chur le nósanna imeachta um cheadú** á phlé faoi láthair sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa. Bheadh glacadh tapa mar chuid d'athbhreithniú RED II a chur chun cinn ina phríomhghné chun tuilleadh úsáide a bhaint as fuinneamh in-athnuaite. Chun an sprioc bheartaithe nua, níos airde 45 % ó REPowerEU a bhaint amach, beidh gá le méadú géar ar úsáid fuinnimh in-athnuaite, rud a mhéadóidh faoi thrí, nach mór, an meánmhéadú bliantúil le 10 mbliana anuas. Chun an t-iompar a dhícharbónú, is féidir le bithbhreoslaí ardfhorbartha[37] rannchuidiú ar bhealach inbhuanaithe in éineacht le Breoslaí In-athnuaite de Thionscnamh Neamh-bhitheolaíoch chun an sprioc sin a bhaint amach. **Leagtar síos in RED II sprioc 3.5 % faoi 2030 don sciar de bhithbhreoslaí forbartha**. Ó bhí 2016 ann, mhéadaigh táirgeacht an Aontais faoi dhó go 1224 ktoe in 2020. Ina theannta sin, moladh in athbhreithniú RED II sprioc de 2.6 % faoi 2030 maidir le Breoslaí In-athnuaite de Thionscnamh Neamh-bhitheolaíoch.

Maidir le hiompar, leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste an bonn faoin gcaoi ar féidir le córas iompair an Aontais Eorpaigh a aistriú glas a bhaint

[37] Bunábhar a áirítear in Iarscríbhinn IX den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.


amach. Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí de chuid na Straitéise i gcrích - mhol an Coimisiún go gcuirfí borradh faoi tháirgeadh agus faoi ghlacadh breoslaí inbhuanaithe eitlíochta agus muirí tríd na tionscnaimh **FuelEU Maritime** agus **ReFuelEU Aviation**, agus go méadófaí úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus bonneagair ghaolmhair tríd an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha.

Tá **trasuí práinneach agus iomlán na Treorach maidir le hÚsáid Fuinnimh RED II 2018 ríthábhachtach** chun go mbeidh rath ar an aistriú fuinnimh, ós rud é go leagtar síos ann an bunús le haghaidh rolladh amach níos leithne RES. Tá an Coimisiún ag seiceáil trasuí faoi láthair agus tá nósanna imeachta sáraithe seolta aige i gcoinne na mBallstát go léir, atá ag céimeanna éagsúla.

3.2. Éifeachtúlacht Fuinnimh

Agus cás uathúil COVID-19 á chur san áireamh, bhain an tAontas Eorpach spriocanna 2020 maidir le hídiú fuinnimh phríomhúil agus ídiú fuinnimh deiridh amach. B'ionann an t-ídiú fuinnmh phríomhúil san Aontas agus 1236 Mtoe ola, 5.8 % níos ísle ná sprioc 2020. Laghdaigh Ídiú Fuinnimh Phríomhúil don tríú bliain as a chéile agus bhí sé 8.7 % níos ísle ná mar a bhí sé in 2019. Bhain sé 907 Mtoe ola amach. Bhí an tÍdiú Fuinnimh Deiridh 5.4 % níos ísle ná sprioc 2020, le laghdú 8 % i gcomparáid leis an Ídiú Fuinnimh Deiridh in 2019. Ba í seo an dara bliain as a chéile inar tháinig laghdú ar an daonra tar éis sé bliana a bheith ag dul i méid i gcónaí. Maidir le hídiú fuinnimh phríomhúil, bhain na Ballstáit uile a rannchuidiú náisiúnta amach in 2020 seachas an Bheilg, an Bhulgáir agus an Pholainn. Maidir leis an ídiú fuinnimh deiridh, níor bhain an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Liotuáin, an Ostair ná an tSualainn a rannchuidiú náisiúnta amach.

A mhéid a bhaineann le hAirteagal 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, b'ionann an coigilteas carnach fuinnimh idir 2014 agus 2020, a bhí ar fáil ó 24 Bhallstát, agus 197.5 Mtoe, arb ionann é agus 103 % de shuim na n-oibleagáidí carnacha coigiltis fuinnimh críochúsáide le haghaidh na tréimhse 2014-2020 (191.7 Mtoe) — agus 97.5 % (202.5 Mtoe) i gcás 27 mBallstát. Ag brath ar a bhfuil bainte amach ag na trí Bhallstát atá ar iarraidh, d'fhéadfaí an tsuim coigiltis charnaigh is gá do na 27 mBallstát a chomhlíonadh. As na 24 Bhallstát a thíolaic na sonraí iomlána maidir lena ngnóthú deiridh, chomhlíon 14 Bhallstát a n-oibleagáid maidir le coigilteas fuinnimh, cé nár chomhlíon deich mBallstát a n-oibleagáid coigiltis fuinnimh.



Fíor 4. Éabhlóid Idiú Fuinnimh Deiridh agus Phríomhúil an Aontais ó 2005 go 2020 (is ionann na poncanna agus Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh an Aontais 2020). Foinse: Eurostat, JRC, 2022.

Is cinnte go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar ídiú fuinnimh in 2020. Mar thoradh ar an staid eisceachtúil seo tháinig fás beag ar ídiú fuinnimh san earnáil chónaithe mar gheall ar an am méadaithe a chaith daoine sa bhaile (dianghlasáil agus teilea-obair) agus tháinig laghdú ar ídiú fuinnimh sna hearnálacha iompair, tionscail agus seirbhíse. Bhí an laghdú ba shuntasaí ar an ídiú san earnáil iompair mar gheall ar an laghdú géar ar ghníomhaíocht, go príomha mar gheall ar shrianta taistil le linn phaindéim Covid-19.

Le linn na tréimhse ó 2005 go 2020, lean ídiú fuinnimh an Aontais treocht ghinearálta anuas, mar aléirítear i bhFíor 4**.** Bhí laghdú foriomlán ar dhéine fhuinnimh agus ídiú fuinnimh per capita ag gabháil leis an laghdú ar ídiú fuinnimh, rud a léiríonn méadú féideartha ar iomaíochas.

Maidir le dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030, bhí ídiú fuinnimh phríomhúil an Aontais 7.2 % os cionn leibhéil spriocanna 2030 maidir le hídiú fuinnimh (agus bhí ídiú fuinnimh deiridh 9.6 % os a chionn). Is ionann sin agus **laghdú 32.5 % i gcomparáid le bonnlíne tagartha 2007**. Mar sin féin, tá gá le i bhfad níos mó iarrachta má táimid chun laghdú struchtúrach ar ídiú fuinnimh a bhaint amach agus an sprioc nua 13 % atá molta in REPowerEU a bhaint amach.

Foirgnimh agus táirgí

Tá roinnt gníomhaíochtaí faoin **plean gníomhaíochta um Rabharta Athchóiriúcháin** curtha i gcrích cheana féin nó tá dul chun cinn suntasach déanta orthu agus é mar aidhm acu **ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh na bhfoirgneamh a dhúbailt ar a laghad faoi 2030** agus athchóiriú níos doimhne fuinnimh a chur chun cinn.

Chuir na Ballstáit a **straitéisí náisiúnta maidir le hathchóiriú fadtéarmach** isteach, mar aon le bearta nithiúla beartais chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, chun uirlisí comhairleacha a chur chun cinn amhail ionaid ilfhreastail, dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, feidhmíocht

fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú agus faisnéis níos fearr a chur ar fáil.[38] Ó bhí tús 2021 ann, **is é an fuinneamh atá nach mór neodrach an norm oifigiúil d'fhoirgnimh nua san Aontas Eorpach**.

Mar thoradh ar fhoilsiú na **Teachtaireachta oifigiúla maidir le Bauhaus Eorpach Nua (NEB)**[39] rinneadh an t-aistriú idir an chéim chomhdheartha agus seachadadh thionscnamh Bauhaus agus tugadh isteach gníomhaíochtaí a thacóidh tuilleadh lena chuspóirí. Ceann de na príomhionstraimí is ea **Saotharlann NEB** a bhfuil sé mar aidhm léi daoine a nascadh le bheith ag obair i dtionscadail nithiúla agus inláimhsithe. Ó bhí mí Aibreán 2022 ann, tá ocht mbeart tosaithe cheana féin faoin gcreat sin, lena n-áirítear **Straitéis Lipéadaithe NEB**, scéimeanna maoinithe, oideachas agus rialáil.

Le **lipéadú éicidhearthóireachta agus fuinnimh soláthraítear** rannchuidiú ríthábhachtach agus méadaitheach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Oiriúnach do 55, chomh maith le tomhaltóirí a bhfuil praghsanna arda fuinnimh rompu a mbeadh a mbillí i bhfad níos airde murach sin. **B'ionann na coigiltis fuinnimh mheasta iomlána a gineadh le gach beart éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh agus 1037 TWh/y (nó 89 Mtoe/y) in 2020, agus 7.2 % d'ídiú fuinnimh phríomhúil an Aontais in 2020.** I gcomparáid leis an meastachán do 2020 a foilsíodh san eagrán is déanaí den tuarascáil chuntasaíochta tionchair éicidhearthóireachta[40] (EUR 60 billiún), meastar go mbeidh an laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí méadaithe faoi dhó, a bheag nó a mhór, in 2021 (os cionn EUR 120 billiún) agus go bhféadfaidh sé a bheith níos airde fós in 2022[41]. An 30 Márta 2022, ghlac an Coimisiún plean oibre nuashonraithe maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh do tháirgí a bhaineann le fuinneamh[42], arb ionann a gcur chun feidhme agus poitéinseal suntasach coigilte sna blianta amach romhainn.

3.3. Slándáil fuinnimh

Bhí cinnteacht soláthair fuinnimh na hEorpa láidir in ainneoin dúshláin eisceachtúla a bheith ann a bhuí le hathléimneacht an chreata atá ann cheana, ullmhacht neartaithe bunaithe ar mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, tacaíocht bheartais a spreagadh le bliain anuas agus for-rochtain láidir dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Chuir Rialachán GTE-F go mór le is an tslándáil láidir soláthair seo trí chórais fhuinnimh na mBallstát a idirnascadh trí Thionscadail Leasa Choitinn (PCIanna).

Tá an tAontas Eorpach ag **ullmhú do chásanna éagsúla cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann**, trí fhorléargas cuimsitheach ullmhachta a thabhairt agus bearta a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun ullmhacht agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a threisiú. Le linn na tréimhse deacra sin, **beidh comhar agus dlúthpháirtíocht réigiúnach fós riachtanach chun athléimneacht an Aontais a áirithiú** agus chun a áirithiú go mbeidh sreafaí agus rochtain ar stóráil thar theorainneacha fós indéanta i ngach cás. I ndáil leis sin, déanann na grúpaí ardleibhéil, faoi Rialachán GTE-F, comhordú agus maoirseacht straitéiseach ar chur chun feidhme comhpháirteach na dTionscadal trasteorann Leasa Choitinn (PCIanna).

[38] D'fhonn na dea-chleachtais a roinnt i measc na mBallstát, d'fhorbair an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD) ina ndearnadh anailís ar straitéisí athchóirithe fadtéarmacha náisiúnta sna Ballstáit.
https://energy.ec.europa.eu/system/files/2021-12/swd-on-national-long-term-renovation-strategies.pdf

[39] https://new-european-bauhaus.europa.eu/about/about-initiative_ga

[40] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/568cac02-5191-11ec-91ac-01aa75ed71a1/language-en

[41] Féach roinn 6 de SWD/2022/0101 final

[42] C/2022/2026, IO C 182, 4.5.2022, lgh. 1-12

Tháinig na **grúpaí comhordaithe Eorpacha** earnála (maidir le leictreachas, gás agus ola) le chéile go rialta agus bhí ról lárnach acu maidir le faireachán a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair, faisnéis a mhalartú agus bearta a chomhordú, le bheith réidh do gach cás féideartha.

Maidir le cur chun feidhme na **rialacha maidir le slándáil an tsoláthair gáis**[43], tá pleananna éigeandála náisiúnta curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit go léir chun tionchar na mbristeacha sa soláthar gáis a chosc nó a mhaolú. Tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit maidir le socruithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta a thabhairt i gcrích. San earnáil leictreachais, tá an chéad sraith de phleananna náisiúnta riosca-ullmhachta curtha ar fáil le cur chun feidhme an **Rialacháin maidir le Riosca-Ullmhacht**[44]. Maidir le slándáil **an tsoláthair ola**[45], ghlac 18 mBallstát (lena n-áirítear dhá Bhallstát nach baill den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh iad) páirt i gcomhghníomhaíocht a thionscain an Ghníomhaireacht an 1 Márta agus an 1 Aibreán, chun stoc ola éigeandála a chur ar fáil. I mí an Mheithimh, d'eisigh an Coimisiún Moladhdo[46] na Ballstáit gan na stoic éigeandála a athlíonadh go dtí an leibhéal a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Stoic Ola go dtí an 1ú Samhain ar a laghad, ionas nach gcuirfear strus breise ar an margadh ola.

Beidh níos mó solúbthachta ag teastáil ón gcóras fuinnimh amach anseo, amhail an fhreagairt ar an éileamh nó an stóráil fuinnimh. Tá an Coimisiún ag obair ar phríomhghníomhaíochtaí an Aontais a shainaithint chun tacú le **stóráil fuinnimh** a bheidh oiriúnaithe don todhchaí a fhorbairt mar phríomhuirlis solúbthachta.

Mar obair leantach ar an staidéar a foilsíodh[47] i mí Dheireadh Fómhair 2021, tá an Coimisiún ag déanamh dlúthfhaireacháin ar bhaic a d'fhéadfadh a bheith i **slabhraí soláthair an t-amhábhar** le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh atá ríthábhachtach maidir le slándáil fuinnimh agus maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glan.

3.4. An margadh inmheánach fuinnimh

I bhfianaise na bpraghsanna fuinnimh atá ag ardú go mór, chuir an Coimisiún Eorpach de chúram ar **Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)** measúnú a dhéanamh ar na tairbhí agus na **míbhuntáistí a bhaineann le dearadh reatha mhargadh mórdhíola leictreachais an Aontais**. I mí Aibreáin 2022[48] **bhain ACER de thátal as gur suaitheadh i bpraghas gáis atá sa ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair,** a mbíonn tionchar aici freisin ar phraghsanna leictreachais.

Tháinig ACER ar an gconclúid freisin, le deich mbliana anuas, **go bhfuil trádáil trasteorann agus na móriarrachtaí a rinneadh chun margaí leictreachais a chomhtháthú tuilleadh san Eoraip tar éis buntáistí suntasacha a thabhairt do thomhaltóirí.** Meastar gurb ionann iad sin agus thart ar EUR 34 billiún in aghaidh na bliana, trí thrádáil trasteorann idir na Ballstáit a chumasú agus trí shlándáil an tsoláthair a fheabhsú ar fud limistéar geografach níos

[43] Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010

[44] Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais

[45] Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád

[46] Moladh (AE) 2022/867 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2022 maidir le stoic ola éigeandála a scaoileadh ag Ballstáit tar éis ionradh na hÚcráine (IO L 151, lch. 72).

[47] Staidéar ar athléimneacht na slabhraí soláthair ríthábhachtacha maidir le slándáil fuinnimh agus aistriú chuig fuinneamh glan le linn ghearchéim COVID-19 agus ina diaidh' ISBN 978-92-76-38453-3

[48] https://www.acer.europa.eu/events-and-engagement/news/press-release-acer-publishes-its-final-assessment-eu-wholesale

mó. Cuirtear in iúl i dtuarascáil ACER gur tháinig na tairbhí sin fiú sa ghéarchéim reatha, nuair a chuidigh margadh comhtháite linn ciorrú leictreachais nó lándorchú i réigiúin áirithe a sheachaint.

Tá feabhas breise tagtha ar **chúpláil an mhargaidh**, rud a chiallaíonn gur féidir leictreachas agus acmhainn iompair an idirnascaire a thrádáil go héasca ar ardán coiteann trádála de chuid an Aontais, sa mhargadh lá roimh ré agus sa mhargadh ionlae araon. Rinneadh cúpláil an mhargaidh lá roimh ré a leathnú go rathúil chuig na teorainneacha uile idir Ballstáit an Aontais. Chun lántairbhe a bhaint as idirnascairí, tá an Coimisiún ag obair i dtreo na cúplála margaidh a leathnú chuig an gComhphobal Fuinnimh.

I bhfianaise an mhéadaithe mhóir atá tagtha ar phraghsanna leictreachais, tá Teachtaireacht foilsithe ag an gCoimisiún maidir le hIdirghabhálacha **Gearrthéarmacha Margaidh agus Feabhsúcháin Fhadtéarmacha ar Dhearadh Mhargadh an Leictreachais[49].** Agus é á aithint aige go bhféadfadh sé go mbeadh deis ann chun feidhmiú dhearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú tuilleadh, sheol an Coimisiún próiseas measúnaithe tionchair agus tá feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh leis na Ballstáit á bplé aige. Is gá margaí fadtéarmacha níos athléimní agus níos éifeachtúla a fhorbairt, chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn agus chun tomhaltóirí agus gnólachtaí beaga a chosaint ar luaineacht praghsanna ar bhealach níos fearr. Bainfear úsáid as an bpróiseas sin freisin chun measúnú a dhéanamh ar an gcreat REMIT[50], d'fhonn na rioscaí a bhaineann le drochúsáid mhargaidh a mhaolú ar bhealach níos éifeachtaí trí thrédhearcacht agus cáilíocht sonraí an mhargaidh a fheabhsú agus forfheidhmiú níos fearr a áirithiú i gcás ina sáraítear rialacha.

Níor cheart go gcuirfeadh iarrachtaí chun feidhmiú mhargadh an leictreachais a bharrfheabhsú moill ar iarrachtaí chun an creat atá ann a chur chun feidhme[51]. Áirítear leis sin, cearta tomhaltóirí a fheabhsú; oibriú i dtreo na sprice go mbeidh ar a laghad 70 % d'acmhainneacht idirnascaire ar fáil le haghaidh trádála in 2025; an margadh a struchtúrú ionas go gcuirfidh sé na comharthaí cearta ar fáil don áit ina bhfuil gá le hinfheistíocht; saobhadh rialála agus teipeanna margaidh a shainaithint agus deireadh a chur leo, agus freagairt agus stóráil ar thaobh an éilimh a chothú.

Chun an gá atá le **sásraí acmhainne** a laghdú, ní mór leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht ollmhór na solúbthachta ar thaobh an éilimh. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar ACER obair ullmhúcháin a dhéanamh chun **cód gréasáin maidir le solúbthacht ar thaobh an éilimh a fhorbairt.**

Sa staid gheopholaitiúil reatha**, bhí ról tábhachtach ag an margadh inmheánach gáis atá leachtach agus eagraithe go hiomaíoch maidir le gás a mhealladh chun na hEorpa.** Feicimid freisin gás ag sileadh ó Iarthar go hOirthear na hEorpa ar a thoilleadh uasta na laethanta seo, a léiríonn go bhfuil comharthaí praghais agus na margaí gáis atá ag éirí níos idirnasctha agus a d'fhorbair an Eoraip le deich mbliana anuas ag cuidiú le soláthairtí gáis a dháileadh nuair is mó atá gá leo.

3.5. Taighde, Nuálaíocht agus Iomaíochas

Tá **dúshláin theicneolaíocha agus neamhtheicneolaíocha os comhair an Aontais a bhaineann le praghsanna arda fuinnimh, briseadh i slabhra an tsoláthair amhábhar criticiúil, strus acmhainní nádúrtha (e.g. talamh agus uisce) agus ganntanas scileanna.**

[49] COM(2022) 236 final an 18 Bealtaine 2022
[50] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh Mórdhíola
[51] Rialachán (AE) 2019/943 go suntasach agus Treoir (AE) 2019/944

Ós rud é go n-iompórtáiltear leath de na 30 amhábhar criticiúil atá liostaithe ag an Aontas i gcionta os cionn 80 % de réir toirte, tá praghsanna atá ag méadú[52] ag cur isteach ar iomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain. Bhí ganntanais ábhar ag breis agus 70 % de ghnólachtaí an Aontais a bhí páirteach i ndéantúsaíocht an trealaimh in 2022, agus bhí ganntanais saothair ag 30 % díobh freisin in 2022. Léiríonn na treochtaí sin an baol atá ag méadú go gcuirfear isteach ar shlabhra an tsoláthair fuinnimh ghlain.

Chun **earnáil fuinnimh ghlain an Aontais a dhéanamh níos iomaíche**, beidh ar an Aontas Eorpach a sholáthairtí a dhaingniú agus cúlchistí straitéiseacha a thógáil áit a bhfuil an soláthar i mbaol. Ar an gcúis sin, d'fhógair an Coimisiún Acht Eorpach um Amhábhair Chriticiúla[53], lena n-aithneofar tionscadail straitéiseacha ar fud an tslabhra soláthair, (eastóscadh, scagadh, próiseáil agus athchúrsáil), lena ndéanfar a áirithiú go meallfar infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí leis an tionscadal seo.

Trí spleáchas an Aontais ar amhábhair a laghdú, trí níos mó iarrachtaí a dhéanamh ar an ngeilleagar ciorclach, agus trí ghanntanas lucht saothair oilte a shárú, cruthófar an córas fuinnimh a bheidh níos athléimní, níos neamhspleáiche, níos sláine agus níos inacmhainne agus a bheidh riachtanach chun Plean REPowerEU a chur i bhfeidhm. Ós rud é go n-éilítear le thart ar leath de na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhfuiltear ag súil leo faoi 2050 teicneolaíochtaí nach bhfuil réidh go fóill do ghníomhaíochtaí an mhargaidh[54], tá **Taighde agus Nuálaíochta (T&N) ríthábhachtach** chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach.

Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i dtaighde ar fhuinneamh glan. Mar sin féin, tá gá le **níos mó infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha in T&N**, agus méadú agus gníomhaíochtaí úsáide. In 2022 dhearbhaigh an tAontas Eorpach a **phríomhsheasamh maidir le T&N** na earnála gaoithe domhanda, chomh maith lena sheasamh mar cheann de na margaí is mó le haghaidh **PV**, i gcás go bhfuil an iomaíocht fíochmhar go fóill i gcodanna éagsúla den slabhra luacha. Tá an tAontas ag crosbhóthar freisin le haghaidh roinnt teicneolaíochtaí. Mar shampla, ní mór d'earnáil na **gCaidéal Teasa** dlús a chur lena húsáid atá ag fás go tapa cheana féin agus ní mór do sholáthraithe an Aontais dlús a chur leis an táirgeadh. Maidir le **ceallraí**, in ainneoin na dtionscnamh atá idir lámha[55] is dúshlán d'iomaíochas an Aontais é an easpa amhábhair intíre agus ard-léiriúcháin ábhar intíre in AE. Cé gur féidir leis an Aontas brath ar a chur chuige cuimsitheach láidir chun éileamh agus soláthar a tharraingt, is iad praghsanna leictreachais agus spleáchas ar amhábhair chriticiúla na dúshláin is mó do **tháirgeadh hidrigine an Aontais trí leictrealú.**

Tá géarghá le héiceachóras T&N níos láidre a fhaigheann tacaíocht ó chláir chistiúcháin an Aontais, **comhar feabhsaithe** idir na Ballstáit[45], agus **faireachán leanúnach ar ghníomhaíochtaí náisiúnta T&N, chun bealach rathúil T&N** a shainiú, chun an bhearna idir an taighde agus an nuálaíocht agus glacadh an mhargaidh a líonadh, chun leas a bhaint as na deiseanna atá ag teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain an Aontais agus chun iomaíochas an Aontais a threisiú.

[52] Tháinig méadú breis agus faoi dhó ar phraghsanna litiam agus cóbailt in 2021.
[53] Mar a fógraíodh san aitheasc 2022 faoi Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022.
[54] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíocht, Taighde agus nuálaíocht chun an Aontais a athchumhachtú, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2777/74947.
[55] E.g an Chomhghuaillíocht Ceallraí an Aontais agus Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI).

4. MAOINIÚ ÓN AONTAS LE hAGHAIDH REPOWEREU, AG CUR DLÚS LEIS AN AISTRIÚ CHUIG FUINNEAMH GLAN AGUS LEIS AN gCOMHAONTÚ GLAS DON EORAIP

4.1. Príomhriachtanais infheistíochta agus maoiniú an Aontais atá ar fáil do REPowerEU

De réir **na hanailíse a rinne an Coimisiún ar riachtanais infheistíochta**[56], theastódh EUR 300 billiún chun an acmhainn iomlán chun spleáchas iomlán ar allmhairí breoslaí iontaise na Rúise a laghdú go nialas, as seo go 2030. Ní mór don infheistíocht seo na tograí Oiriúnach do 55 a chomhlánú agus na nithe seo a leanas a áireamh[57]: grianfhuinneamh fótavoltach agus fuinneamh gaoithe (EUR 86 bhilliún), hidrigin in-athnuaite (EUR 27 mbilliún), éifeachtúlacht fuinnimh agus teaschaidéil (EUR 56 bhilliún), lena n-oiriúnaítear tionscal chun níos lú breoslaí iontaise a úsáid (EUR 41 bhilliún), lena méadaítear táirgeadh bithmheatáin (EUR 37 mbilliún), lena n-infheistítear san eangach chumhachta chun leictriúchán níos mó a chumasú (EUR 29 mbilliún), infheistíocht i gconairí nua bhonneagar GNL agus píblíne gháis (EUR 10 mbilliún), agus bonneagar ola atá riachtanach chun slándáil an tsoláthair ola a áirithiú (EUR 1.5 -2 bhilliún).

Beidh ról ríthábhachtach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) maidir le dul i ngleic leis na riachtanais sin trí bhearta éagsúla, lena n-áirítear caibidlí REPowerEU, mar chuid de na Pleananna náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht (RRPanna). Ba cheart caibidlí REPowerEU agus REPowerEU sna RRPanna náisiúnta a léiriú freisin sa nuashonrú ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECPanna) (atá le cur isteach faoi lár na bliana 2023). Tabharfaidh an Coimisiún treoir maidir leis na nuashonruithe sin. Mhol an Coimisiún cistí breise do RRF, agus tá tús curtha aige le plé déthaobhach leis na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do mhaoiniú faoi chaibidlí nua REPowerEU.

Agus a gcaibidlí REPowerEU á n -ullmhú acu, beidh ar na Ballstáit na **Moltaí a bhaineann go sonrach le Tír faoi leith agus a sainaithníodh i gcleachtadh an tSeimeastair Eorpaigh** a chur san áireamh, ar moltaí iad a chuimsigh **CSRS atá sonrach ó thaobh fuinnimh** de i mbliana agus a dhírigh, go háirithe, ar riachtanais bhreise athchóirithe agus infheistíochta a bhaineann leis an ngá le spleáchas fuinnimh a laghdú agus an t-aistriú fuinnimh a luathú. Beidh ról lárnach ag creat an tSeimeastair Eorpaigh maidir le faireachán a dhéanamh ar bhearta REPowerEU. Tacaítear le cuspóirí REPowerEU tríd an aistriú chuig fuinneamh glan, agus maoineofar iad freisin ó chláir eile de chuid an Aontais, agus tabharfar tacaíocht dóibh trí roinnt tionscnamh de chuid an Aontais (féach Cuid 4.2). Comhlánófar le maoiniú an Aontais maoiniú poiblí agus príobháideach eile atá ar fáil, a mbeidh ról lárnach aige i soláthar na hinfheistíochta atá riachtanach do REPowerEU.

4.2. Tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach d'aistriú chuig fuinneamh glan

Cuirtear tacaíocht an Aontais ar fáil d'aistriú chuig fuinneamh glan trí **chláir** éagsúla:

- **An tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta:** is ionann an infheistíocht a bhaineann leis an aeráid sna 26 RRP[58] formheasta agus thart ar EUR 200 billiún[59], os

[56] (SWD (2022) 230 final) an 18 Bealtaine 2022

[57] Na luachanna measta a fuarthas tríd an anailís ar riachtanais infheistíochta a shamhaltú

[58] AT, BG, BE, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK

[59] Is meastacháin arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún iad na caiteachais a thuairiscítear don RRF, bunaithe ar an bhfaisnéis ar rianú aeráide arna foilsiú mar chuid d'anailísí an Choimisiúin ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Clúdaítear sna sonraí a thuairiscítear na 25 phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a ndearnadh measúnú agus faomhadh orthu sa

cionn na hoibleagáide 37 % a leagtar síos le Rialachán RRF[60]. Tá an chuid is mó den leithdháileadh infheistíochtaí aeráide tiomnaithe do bhearta um fhuinneamh glan, um éifeachtúlacht fuinnimh agus um athchóiriú foirgneamh (thart ar EUR 88 billiún). Tiomnaítear cuid shuntasach eile d'iompar inbhuanaithe (thart ar EUR 70 billiún). Leithdháiltear thart ar EUR 10 mbilliún le haghaidh hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin.

- **Leis an mbeartas comhtháthaithe** cuirtear tacaíocht shuntasach ar fáil freisin don éifeachtúlacht fuinnimh, don fhuinneamh in-athnuaite agus don bhonneagar fuinnimh. Le linn 2014-20, leithdháileadh EUR 27.5 billiún le haghaidh infheistíochta a aithnítear mar thosaíocht faoi REPowerEU. Do 2021-27, tá an Coimisiún ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit EUR 34-36 billiún breise a leithdháileadh ar thosaíochtaí den sórt sin. I mí an Mheithimh 2022, ullmhaíodh samhail d'ionstraim airgeadais nua chun tacú leis an REPowerEU leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI).
- **Clár InvestEU**: Faoi mhí Iúil 2022, leithdháileadh thart ar EUR 1.6 billiún de ráthaíocht an Aontais Eorpaigh cheana féin faoin "Ionú Beartais um Bonneagar Inbhuanaithe", lena n-áirítear d'infheistíocht i bhfótavoltas gréine, i bhfuinneamh gaoithe agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Príomhthionscnaimh faoi Mhol Comhairleach InvestEU, lena gcumhdaítear réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh agus na hidrigine:
  - Ó bhí 2011 ann, tacaíonn saoráid ELENA le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus soghluaisteachta glaine a fhorbairt. Le fachtóir giarála de 33, tá cumas suntasach aige maoiniú príobháideach ('carnadh isteach') a mhealladh. In 2021, leithdháileadh EUR 35.8 milliún ar 18 dtionscadal nua. Meastar go nginfidh siad sin thart ar 500 GWh de choigilteas fuinnimh in aghaidh na bliana.
  - Tá an Coimisiún ag obair i gcomhar le BEI chun advisory facility supporting the renewable power purchase agreement projects, lena n-áirítear chun tacú le glacadh agus leictriú hidrigine in earnálacha tionsclaíocha.
- Leithdháil an **clár Fís Eorpach** EUR 15 bhilliún chun tacú le taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh, i leictriú téimh agus fuaraithe agus i ndigitiú an chórais fuinnimh.
- Tá maoiniú á chur ar fáil ag **uinnimh CEF** i gcomhair idirnascadh níos fearr na ngréasán fuinnimh i dtreo margadh fuinnimh aonair de chuid an Aontais agus aistriú chuig fuinneamh glan a bhaint amach. Ó bhí 2014 ann, thacaigh Fuinnimh CEF le 154 tionscadal le EUR 5.7 billiún san iomlán. I mí an Mhárta 2022, sheol an Coimisiún an chéad ghlao de chuid SCE ar thionscadail trasteorann fuinnimh in-athnuaite. I mí na Bealtaine 2022, sheol an Coimisiún glao nua ar phríomhthionscadail bhonneagair fuinnimh trasteorann le haghaidh tionscadal a áirítear ar an 5ú liosta de Thionscadail Leasa Choitinn de chuid an Aontais.
- **SAOIL Aistriú chuig Fuinneamh Glan (CET)**: i mí na Bealtaine 2022, foilsíodh Glao LIFE CET ar thograí, ag cur EUR 98 milliún ar fáil le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail fuinnimh glain. Cumhdaíonn an Glao sin cuspóirí REPowerEU, amhail laghdú ar ídiú breosla iontaise le haghaidh téimh agus úsáid luathaithe réiteach éifeachtúlachta fuinnimh i dtithíocht, i ngnólachtaí agus san earnáil phoiblí.
- In 2022, déanfar an chéad tairiscint trasteorann riamh faoin **Sásra Maoinithe Fuinnimh In-athnuaite**. Díreoidh an tairiscint ar thionscadail fhótavoltacha gréine. Cuideoidh an

Choimisiún faoin 17 Meitheamh 2022. Féach: https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/recovery-coronavirus/recovery-and-resilience-facility/recovery-and-resilience-plans-assessments_ga

[60] I gcomhréir leis na coinníollacha atá sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle lena bhformheastar RRPanna náisiúnta.

sásra le hacmhainn iomlán an Aontais in-athnuaite a bhaint amach, agus cuideoidh sé leis na Ballstáit an cuspóir dícharbónaithe a bhaint amach ar bhealach níos comhoibríche.

- Tháinig méadú ar phraghsanna carbóin le linn 2021, agus dá bhrí sin tháinig méadú ar iomlán an ioncaim ó CTA AE, arb ionann é agus thart ar EUR 31 billiún san iomlán. Tacóidh an t-airgead sin leis an **gCiste Nuálaíochta** agus **an gCiste Nuachóirithe**.
- Tacaíonn an **Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)** freisin le héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus bonneagar fuinnimh tríd an **gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).** Ag brath ar na riachtanais a shainaithnítear agus ar an straitéis a fhorbraítear sna Cláir Forbartha Tuaithe reatha nó sna Pleananna Straitéiseacha CBT amach anseo, tá an deis ag na Ballstáit tacú le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite nó i bhfeabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh do ghabháltais talmhaíochta agus do ghnólachtaí tuaithe freisin.

Lena chois sin, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit tríd an **Ionstraim Thacaíochta Teicniúla**, agus cuireann sé saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh glan. Go háirithe, tá an Coimisiún ag cabhrú leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí a shainaithint chun deireadh a chur le hallmhairí breoslaí iontaise ón Rúis de réir a chéile.

Tá ról tábhachtach ag **tionscnaimh ghníomhacha an Aontais** maidir le leas a bhaint as maoiniú le haghaidh an aistrithe chuig fuinneamh glan: Áirítear leo sin:

- tionscnamh an **Fhóraim Infheistíochta um Fhuinneamh Inmharthana** - tionscnamh an-rathúil lena n-éascaítear idirphlé idir geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha, arb é is aidhm dó maoiniú príobháideach a spreagadh le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí fuinnimh inbhuanaithe;
- **grúpa na nInstitiúidí Airgeadais um Éifeachtúlacht Fuinnimh** a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige bacainní ar mhaoiniú éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint agus moltaí a chur ar fáil do chomhlachtaí déanta beartas agus d'institiúidí airgeadais maidir le dul i ngleic leo;
- **Idirphlé na hInfheisteoirí maidir le Fuinneamh**, a seoladh in 2022 mar ardán páirtithe leasmhara lena dtugtar saineolaithe fuinnimh agus airgeadais le chéile chun bacainní infheistíochta a shainaithint don earnáil fuinnimh, chun beartais agus ionstraimí maoinithe a mheas, agus chun réitigh ábhartha a mholadh.

Príomhshruthú aeráide

Leithdháiltear 30 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2027 ar an aeráid (suas ó 20 % in 2014-2020). Tá spriocanna caiteachais aeráide 30 % nó níos airde ag baint le cláir shonracha - Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (30 %), Fís Eorpach (35 %), an Ciste Comhtháthaithe (37 %), an RRF (37 %), an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (60 %), LIFE (61 %) agus an Ciste um Aistriú Cóir (100 %). In 2021, chuir na Ballstáit 40 % in áirithe le haghaidh infheistíocht aeráide, i bhfad níos mó ná an oibleagáid rialála 37 %.


4.3. Fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

Rinneadh forbairtí gan choinne agus tobanna ar mhargaí fuinnimh le 2 bhliain anuas, a raibh tionchar suntasach acu ar ídiú agus ar phraghsanna táirgí fuinnimh, i measc dianghlasálacha a bhain le COVID, an téarnamh i ndiaidh na paindéime agus an tréimhse reatha de phraghsanna

fuinnimh an-ard agus luaineach. Sa tuarascáil ar fhóirdheontais fuinnimh[61] atá le foilsiú i mí Dheireadh Fómhair, cuirfear i láthair (i) an líon deiridh, níos cruinne, ar fhorás na bhfóirdheontas fuinnimh le linn 2020 a bhí buailte ag COVID, agus (ii) déanfar meastacháin inti ar thionchar an téarnaimh eacnamaíoch dhomhanda agus na bpraghsanna arda fuinnimh ar fhóirdheontais fuinnimh in 2021.

Fóirdheontais breosla iontaise, tar éis titim níos mó ná 5 % in 2020 san Aontas, mar gheall ar dhianghlasáil agus srianta taistil do dhaoine agus do ghnólachtaí, **d'fhan siad cobhsaí go leor in 2021**, de réir mar a cúitíodh an méadú ar iompar agus tionscal mar gheall ar laghdú ar fhóirdheontais iontaise san earnáil fuinnimh. Thit fóirdheontais ar *tháirgí ola*, go háirithe san earnáil iompair, faoi 12 % in 2020, ach bhí méadú 7 % tagtha ar fhóirdheontais ar ghual i bhfianaise laghdú beag ar fhóirdheontais gháis (2 %) bliain ar bhliain, agus tionchar ag a ról i nginiúint cumhachta. **In 2021 léirigh fóirdheontais ar ola, gual agus gás méadú beag**, agus **thit an fóirdheontas chun giniúint leictreachais breosla iontaise**. Ó bhí fómhar 2021 ann, i gcomhthráth le praghsanna fuinnimh atá ag méadú i margaí na hEorpa, tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun tionchar na mbillí fuinnimh ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a laghdú, rud a d'fhág go bhfuil fóirdheontais níos mó ann le haghaidh ídiú fuinnimh.


Bhí fóirdheontais ar *fhuinneamh in-athnuaite* suas go dtí 7 % in 2020, mar go raibh tionchar intomhaiste fós ag scéimeanna tacaíochta a bhí ann le fada, ach thit siad siar beagán in 2021. Thit fóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh in 2020 ach tháinig siad ar ais in 2021. Chonacthas ardú breise ar fhóirdheontais d'fhuinneamh *núicléach* mar gheall ar íocaíochtaí le haghaidh monarchana cumhachta núicléiche a dhúnadh go luath in dhá Bhallstát.



Fíor 5. Fóirdheontais do bhreosla iontaise in earnálacha éagsúla in AE. Foinse: Staidéar ar fhóirdheontais fuinnimh agus idirghabhálacha rialtais eile san Aontas Eorpach 2022.

[61] I ngeall ar an Rialachán Rialachais, tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain ar fhorás na bhfóirdheontas fuinnimh, go háirithe fóirdheontais breosla iontaise sna Ballstáit, agus ar na bearta a rinne tíortha chun treochlár a chur i láthair maidir lena gcéimniú amach de réir a chéile.

Iarscríbhinn I — Gníomhaíochtaí a glacadh i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 ann



1. Bosca uirlisí praghsanna fuinnimh, an 13 Deireadh Fómhair 2021

- **Tacú le tomhaltóirí**, lena n-áirítear trí **thacaíocht ioncaim éigeandála** do thomhaltóirí atá ar bheagán fuinnimh**; laghduithe sealadacha, spriocdhírithe ar rátaí cánachais** do theaghlaigh leochaileacha; íocaíochtaí billí **a chur siar go sealadach**; cosaintí a chur i bhfeidhm chun **dícheangal ón eangach a sheachaint;**
- **Cabhair a chur ar fáil do chuideachtaí nó do thionscail**, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le státchabhair;
- **For-rochtain fuinnimh idirnáisiúnta a fheabhsú** chun trédhearcacht, leachtacht agus solúbthacht na margaí idirnáisiúnta a áirithiú;
- **Imscrúdú a dhéanamh ar iompraíocht fhrithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann** sa mhargadh fuinnimh agus faireachán ar fhorbairtí sa mhargadh carbóin a fheabhsú;
- **Rochtain níos leithne ar chomhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite** a éascú agus tacú leo trí bhearta tionlacain.

2. Teachtaireacht REPowerEU, 8 Márta 2022

- **Tomhaltóirí:** Treoir lena ndearbhaítear go bhféadfaí na **praghsanna rialáil i gcúinsí eisceachtúla**, lena leagtar amach an chaoi ar féidir leis na Ballstáit **an t-ioncam ó bhrabúis mhéadaithe san earnáil fuinnimh agus ó thrádáil astaíochtaí a athdháileadh ar thomhaltóirí**;
- **Rialacha maidir le státchabhair:** Comhairliúchán an Choimisiúin leis na Ballstáit maidir leis na riachtanais atá ag an **gCreat Sealadach Státchabhrach nua um Ghéarchéim** agus raon feidhme an Chreata Shealadaigh nua um Ghéarchéim chun

cabhair a dheonú do chuideachtaí atá thíos leis an ngéarchéim, go háirithe dóibh siúd a bhfuil costais arda fuinnimh ag bagairt orthu;

- **Fógraítear** togra reachtach le haghaidh **an Rialacháin maidir le Stóráil Gáis, Plean RePowerEU,** agus déantar measúnú ar roghanna chun **dearadh an mhargaidh leictreachais a bharrfheabhsú**.

3. **Togra le haghaidh an rialacháin maidir le stóráil gáis, 23 Márta 2022**

- **Togra reachtach** lena dtugtar isteach **oibleagáid íosta 80 % ar leibhéal stórála gáis** don chéad gheimhreadh eile;
- **Cumarsáid** ina leagtar amach **na roghanna maidir le hidirghabháil mhargaidh** ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ina ndéantar measúnú ar thairbhí agus ar theorainneacha gach rogha;
- **Rialachán** arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle an **27 Meitheamh.**

4. **Ardán an Aontais um Fhuinnimh , 7 Aibreán 2022**

- Rannpháirtíocht dheonach na mBallstát maidir le **gás a cheannach go comhpháirteach** chun rochtain níos cothroime ar fud Bhallstáit an Aontais a áirithiú agus chun tacú le slándáil an tsoláthair;
- **Grúpa comhairleach tionscail agus cúig Thascfhórsa Réigiúnacha** a bhunú chun cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann a thabhairt isteach sa mheicníocht chomhcheannaigh.

5. **Plean REPowerEU, 18 Bealtaine 2022**

- **Dlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh:**
  - Ardaítear príomhsprioc 2030 d'fhoinsí in-athnuaite ó 40 % go 45 %;
  - **Moladh chun dlús a chur le ceadú mórthionscadail in-athnuaite;**
  - **Leasú spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite** chun fuinneamh in-athnuaite a aithint mar leas sáraitheach poiblí;
  - **Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh**;
  - **An Tionscnamh um Dhíonta Gréine**;
  - **Ráta úsáide teaschaidéal a mhéadú faoi dhó**;
  - Leagtar síos sprioc de **10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre** faoi 2030;
  - **An Plean Gníomhaíochta um Bithmheatán**.
- **Fuinneamh a choigilt:**
  - Méadaítear an Sprioc cheangailteach Éifeachtúlachta Fuinnimh 2030 ó 9 % go 13 %;
  - Spreagann **Teachtaireacht an Aontais maidir le Fuinneamh a Choigilt** an choigiltis fuinnimh a neartú.
- **Soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe idirnáisiúnta:**
  - Le **Straitéis Fuinnimh Sheachtraigh an Aontais**, treisítear rannpháirtíocht an Aontais le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus neartaítear a thaidhleoireacht fuinnimh lena n-áirithítear éagsúlú an tsoláthair fuinnimh agus lena gcuirtear borradh faoin aistriú fuinnimh atá glas agus cóir.

6. **Gás a Choigilt le haghaidh Geimhreadh Sábháilte, 20 Iúil 2022**

- **Rialachán maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (togra), 20 Iúil 2022**
  - Leagtar síos sprioc do na Ballstáit uile **an t-éileamh ar ghás a laghdú 15 %** idir an 1 Lúnasa 2022 agus an 31 Márta 2023;
  - Ag tabhairt an deis don Choimisiún **'foláireamh ón Aontas' maidir le slándáil an tsoláthair** a dhearbhú, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, lena bhforchuirtear laghdú éigeantach ar an éileamh ar ghás ar na Ballstáit uile;
  - **Rialachán** bunaithe ar 122 CFAE, a ghlac an Chomhairle an **27 Iúil**.
- **Plean um an éileamh ar ghás a laghdú, 20 Iúil 2022**
  - Leagtar amach ann bearta, prionsabail agus critéir chun **an t-éileamh ar ghás a laghdú ar bhealach comhordaithe;**
  - Cuirtear **treoirlínte ar fáil do na Ballstáit** lena gcur san áireamh agus ciorrú á phleanáil acu;
  - Moltar go ndéanfaí **gás a ionadú le breoslaí eil**e, foinsí fuinnimh níos glaine más féidir;
  - Dreasaítear **coigilteas foriomlán fuinnimh i ngach earnáil.**

7. **Idirghabháil éigeandála sa mhargadh maidir le praghsanna arda leictreachais (togra), an 14 Meán Fómhair 2022**

- Moltar go mbeadh sé d'aidhm ag na Ballstáit an t-éileamh foriomlán leictreachais a laghdú 10 % ar a laghad go dtí an 31 Márta 2023;
- Socraíonn sé **uasteorainn ioncaim shealadach ar tháirgeoirí leictreachais infrimeallacha**;
- Socraítear **ranníocaíocht shealadach dlúthpháirtíochta** ar bhrabúis iomarcacha a ghintear ó ghníomhaíochtaí sna hearnálacha ola, gáis, guail agus scaglainne, a atreoraíodh chuig tomhaltóirí fuinnimh;
- Ceadaítear **praghsanna leictreachais rialáilte faoi bhun costais** den chéad uair, agus déantar praghsanna rialáilte a leathnú chun fiontair bheaga agus mheánmhéide a chumhdach freisin;
- Rialachán bunaithe ar 122 CFAE, a ghlac an Chomhairle an **30 Meán Fómhair**.